# Oifig an Ard-Aighne

# Tuarascáil Bhliantúil 2021



Ina gcuimsítear an Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Cur i bhFeidhm

Ráiteas Straitéise 2020-2023

# Clár

Brollach ón Ard-Aighne

Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

## Cuid 1: An Oifig

- Réamhrá
- Ról Abhcóidí Comhairleacha
- Ról Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas
- Ról Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
- Dlíodóirí ar Iasacht
- An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
- Tuilleadh Faisnéise

## Cuid 2: Baint Amach Spriocanna Straitéiseach sa Ráiteas Straitéise

### Sprioc Straitéiseach 1: Freastal ar ár gcliaint

Sainseirbhís chomhairleach dlí a sholáthar lena sásaítear riachtanais ár gcliant

### Sprioc Straitéiseach 2: Caidrimh a Fhorbairt

An bealach ina n-oibrímid agus ina soláthraímid ár seirbhísí a fheabhsú trí chaidrimh mhaithe a fhorbairt go hinmheánach agus go seachtrach araon

### Sprioc Straitéiseach 3: Acmhainn a Forbairt

Oifig dlí a bheith ionainn atá comhaimseartha, lúfar agus fuinniúil agus acmhainn inbhuanaithe a fhorbairt ar mhaithe lenár gcliaint agus ár ndaoine

### Sprioc Straitéiseach 4: Tacaíocht a thabhairt dár ndaoine

Tacaíocht a thabhairt dár ndaoine ionas gur féidir leo feidhmiú de réir bharr a gcumas agus comhoibriú go héifeachtach chun seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcliaint

## Cuid 3: Iarscríbhinní

- Iarscríbhinn A: Billí Rialtais a foilsíodh sa bhliain 2021
- Iarscríbhinn B: Billí Rialtais a achtaíodh sa bhliain 2021
- Iarscríbhinn C: Billí Comhaltaí Príobháideacha a achtaíodh sa bhliain 2021
- Iarscríbhinn D: Meastacháin agus Torthaí Sealadacha
- Iarscríbhinn E: Ráitis agus Tuarascálacha i leith cleachtais íocaíochta
- Iarscríbhinn F: Miondealú Foirne
- Iarscríbhinn G: Staitisticí Saorála Faisnéise

# Brollach ón Ard-Aighne

Ceapadh mé i m'Ard-Aighne an 17 Nollaig 2022 agus dá bhrí sin, clúdaíonn an Tuarascáil seo bliain a tháinig chun críche sular cuireadh tús le mo thréimhse oifige.

Mar sin féin, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt go poiblí do dhúthracht iontach agus obair chrua mo réamhtheachtaí, Paul Gallagher SC, agus d'fhoireann ar fad na hOifige (lena n-áirítear Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit) le linn na bliana 2021, ar tharla go raibh sí ar an dara bliain den phaindéim Covid-19 a raibh dúshláin mhóra ag baint léi.

Táim ag tnúth le dul i mbun oibre le baill foirne na hOifige i gcaitheamh mo théarma chun leanúint den chaighdeán is airde seirbhísí dlí a chur ar fáil dár gcliaint.

Rossa Fanning SC

Ard-Aighne

## Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

A Ard-Aighne,

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Aighne (ina n-áirítear Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit) don bhliain 2021 a chur i láthair, ar tuarascáil í ina dtugtar mionsonraí faoin raon ilchineálach agus méid oibre a rinneadh ar fud na hOifige i gcaitheamh na bliana.

Cuimsíonn an tseirbhís a chuireann an Oifig ar fáil an réimse iomlán de ghnó agus bheartas an Rialtais, áit ar lean dúshláin nua ag teacht chun cinn. In 2021, dhéileáil an Oifig le héileamh an-suntasach ar sheirbhísí dlí ónár gcliaint ar fud raon leathan de réimsí ábhair, go háirithe réimsí a bhain le Covid-19.

Áirítear le réimsí eile éilimh inar baineadh leas as an Oifig réimsí a bhain le ceisteanna maidir leis an mBreatimeacht, cúrsaí tithíochta agus aeráide, cosaint sonraí, maoin Stáit agus soláthar poiblí. In 2021, rinne Éire idirghabháil roimh an gCúirt Bhreithiúnais maidir le líon réamhthagairtí a bhain le dlí AE a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i roinnt réimsí.

Bhí rath ar an Oifig i gcónaí maidir lena bealach a dhéanamh tríd an tsamhail reatha nua a bhí i gceist mar gheall ar Covid-19 agus bhí sí inchurtha leis na dúshláin ar fad lena chinntiú gur tugadh tacaíocht éifeachtach dár gcliaint.

Lean an Oifig dá clár iasachta agus ghlac 45 bhall foirne dlí páirt in 2021. Lean Abhcóidí Comhairleacha de chomhairle dlí a chur ar fáil maidir le réimse leathan agus éagsúil ceisteanna a bhain le pointí dlí AE, bunreachtúla, idirnáisiúnta agus intíre.

Dhréachtaigh ODP líon suntasach de Bhillí Rialtais, chomh maith le leasuithe Chéim an Choiste agus na Tuarascála ar na Billí a dhréachtú. I gcaitheamh na bliana, foilsíodh 49 Bille Rialtais agus achtaíodh 49 Bille Rialtais. Chomh maith leis sin, dhréachtaigh ODP 337 de na hIonstraimí Reachtúla a rinneadh in 2021, ar bhain 45 acu le bearta an Aontais Eorpaigh a thrasuí.

Lean Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit de sheirbhísí speisialaithe aturnae a sholáthar, ar seirbhísí iad inar áiríodh nithe a bhain le dlíthíocht, le cúrsaí maoine, le conarthaí Rialtais agus le nithe eile maidir le hidirbheartaíocht.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na baill foirne ar fad in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit as a dtiomantas sármhaith i leith na seirbhísí dlí a theastaigh ónár gcliaint a chur ar fáil dóibh, ar minic gur bhain cúinsí an-phráinneach agus an-dúshlánach leo.

Damien Moloney

Ard-Stiúrthóir

# Cuid 1

# An Oifig

## Réamhrá

Is é an tArd-Aighne an comhairleoir dlí don Rialtas, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 30 den Bhunreacht. Tugann an Oifig, ina gcuimsítear trí chomhchuid: Abhcóidí Comhairleacha an Ard-Aighne agus Oifig Dhréachtóirí Parlaiminte don Rialtas ("OAA") agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ("OPAS"), cúnamh don Ard-Aighne i ndáil le comhairle dlí a sholáthar don Rialtas. Áiríonn sé sin comhairle a thabhairt d'Airí, do Ranna agus do chomhlachtaí poiblí áirithe eile; reachtaíocht a dhréachtú; feidhmiú thar ceann an Stáit i ndáil le dlíthíocht agus roinnt feidhmeanna eile a fheidhmiú, go háirithe feidhmeanna reachtúla.

Is é misean na hOifige an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí ar bhonn chomh tíosach agus chomh héifeachtach agus is féidir, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chomhlíonadh riail an dlí. Is é an fhís atá againn barr feabhais a spreagadh inár ndaoine, a bheith ar thús cadhnaíochta i bhforbairtí dlí agus seirbhís dhosháraithe a chur ar fáil dár gcliaint. Ar aon dul le Roinn nó Oifig ar bith den Rialtas, ní mór don Oifig iarracht a dhéanamh freisin a misean a chomhlíonadh laistigh de na hacmhainní a chuireann an tOireachtas ar fáil di. Sa mhéid sin, cé go bhfuil na gnéithe ar fad den Oifig faoi réir ag éilimh atá ag méadú i gcónaí, cuirtear fáilte roimh an infheistíocht bhreise ina hacmhainní foirne a cuireadh ar fáil le gairid.

Tá OAA lonnaithe i dTithe an Rialtais ar Shráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath, áit a bhfuil líon foirne tuairim is 145 duine lonnaithe. I measc na mball foirne, áirítear Abhcóidí Comhairleacha, Dréachtóirí Parlaiminte, foireann riaracháin agus tacaíochta agus foireann Leabharlainne agus Feasa Gnó. Tá OPAS suite ar Shráid na gCaorach Bheag agus ar Lána na Seansaireachta agus tá foireann thart ar 300 ann lena n-áirítear aturnaetha agus oifigigh feidhmiúcháin dlí mar aon le foireann riaracháin agus foireann Leabharlainne agus Feasa Gnó.

Is é an tArd-Stiúrthóir, Damien Moloney, an Ceann Oifige faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997. Eisean atá i gceannas ar Abhcóidí Comhairleacha an Ard-Aighne. Is í June Reardon an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus is í Maria Browne an Príomh-Aturnae Stáit. Is é an tArd-Stiúrthóir an t-oifigeach cuntasaíochta do OAA agus is é an Príomh-Aturnae Stáit an t-oifigeach cuntasaíochta do OPAS.

Is é an tArd-Aighne príomh-oifigeach dlí an Stáit agus is í Oifig an Ard-Aighne príomhoifig dlí an Stáit. Léiríonn raon na hoibre san Oifig scóip iomlán ghnó agus bheartas an Rialtais, lena n-áirítear imeachtaí gan choinne óna n-eascraíonn iarrataí ar chomhairle dlí, dréachtú reachtaíochta príomha agus tánaistí agus cosaint a dhéanamh in imeachtaí cúirte. Déileáiltear le saincheisteanna dlí i réimsí mórchonspóide agus i réimsí íogaire amhail dlí AE, inimirce, oideachas, cúram sláinte, cosaint sonraí agus ceartas coiriúil. Ina theannta sin, soláthraíonn an Oifig comhairle dlí thráchtála agus seirbhísí idirbheartaíochta dlí don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí sna réimsí a bhaineann le soláthar poiblí, conarthaí, státchabhair, maoin an Stáit agus maoin intleachtúil. Tugann sí comhairle freisin maidir le cuid mhór gnéithe de dhlí fostaíochta an Stáit amhail ceapacháin, araíonacht agus pinsin.

Tá tuiscint fhíormhaith san Oifig ar an tseirbhís phoiblí, ar chúrsaí Rialtais agus ar an bpróiseas reachtach mar aon le hardleibhéal cuimhne chorparáideach agus feasa gnó. Glacann sí páirt i líon mór coistí, grúpaí oibre agus líonraí gairmiúla de chuid na seirbhíse poiblí, de chuid ghairm an dlí agus de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta. Díorthaíonn neamhspleáchas na hOifige ó ról bunreachtúil an Ard-Aighne, ó chultúr na hOifige agus ó chineál láraithe sheirbhís dlí an Rialtais. Díorthaíonn sineirgí agus éifeachtúlachtaí ó ról lárnach na hOifige go háirithe nuair a bhíonn gá le cur chuige uile-Rialtais.

De bharr chineál dinimiciúil na hoibre, agus athruithe leanúnacha ag tarlú i ndlí na hÉireann, i ndlí Eorpach agus i ndlí idirnáisiúnta, mar aon le hathruithe leanúnacha ar imthosca agus ar riachtanais, tá gá le hOifig fhreagrúil agus le comhlíonadh na gcaighdeán is airde i dtaca le seirbhís ghairmiúil agus seirbhís phoiblí.

## Ról Abhcóidí Comhairleacha

Is é príomhdhualgas Abhcóidí Comhairleacha cúnamh a thabhairt don Ard-Aighne i ndáil lena chuid feidhmeanna, cumhachtaí agus dualgas a chur chun feidhme. Tá raon na n-ábhar a bhíonn i gceist chomh leathan le sainchúram an Rialtais, ach is féidir na gníomhaíochtaí a rangú i dtrí chatagóir tríd is tríd –

- comhairle dlí a sholáthar
- dlíthíocht a stiúradh
- comhairle dlí maidir le seirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Tá na hAbhcóidí Comhairleacha roinnte ina gcúig ghrúpa speisialaithe agus oibríonn siad go dlúth le dlíodóirí in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas, áit a dtugann siad comhairle faoi shaincheisteanna dlíthiúla le linn reachtaíocht a dhréachtú, agus in OPAS, áit a dtugann siad comhairle maidir le dlíthíocht a sheoladh agus maidir le nithe eile a bhaineann le comhairle dlí. Ina theannta sin, oibríonn Abhcóidí Comhairleacha go dlúth le habhcóidí seachtracha nuair is gá.

Baineann tábhacht ar leith leis an gcúnamh a sholáthraítear don Ard-Aighne roimh chruinnithe an Rialtais e.g. comhairle a thabhairt i dtaobh an gcomhlíonann cinneadh Rialtais beartaithe nó scéim reachtach de chuid an Rialtais forálacha an Bhunreachta, reachtaíocht, Conarthaí agus dlí an Aontais Eorpaigh, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus conarthaí idirnáisiúnta eile ar aontaigh Éire dóibh.

## Ról Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

Déanann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas ("ODP") seirbhís ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Déanann dlíodóirí speisialachais ODP, (Dréachtóirí Parlaiminte), reachtaíocht phríomha (Billí Rialtais) agus reachtaíocht thánaisteach (ionstraimí reachtúla, lena n-áirítear rialacháin agus orduithe Rialtais) a mbaineann cineálacha éagsúla castachta agus práinne leo a dhréachtú d'fhonn beartas an Rialtais a léiriú agus chun reachtaíocht AE a thrasuí i ndlí na hÉireann.

Tá freagracht ar ODP freisin i ndáil le dréachtú leasuithe Rialtais ar Bhillí (lena n-áirítear Billí Comhaltaí Príobháideacha) ag Céim an Choiste agus ag Céim na Tuarascála le linn Bille a bheith ag dul trí Thithe an Oireachtais.

Mar thoradh ar obair ODP, cumasaítear don Rialtas a gClár Reachtaíochta a chur i bhfeidhm agus déanann ODP idirchaidreamh dlúth le Coiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le Billí a dtugann an Rialtas tús áite dóibh.

Tá an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte i gceannas ar ODP agus tá an oifig roinnte ina ceithre ghrúpa dréachtaithe. Rinneadh dréachtú Billí agus ionstraimí reachtúla don 18 Roinn Rialtais a roinnt i measc na ngrúpaí dréachtaithe, agus gach grúpa ar leith ag plé le líon Ranna sonraithe.

Faigheann na Dréachtóirí Parlaiminte ardleibhéal oiliúna maidir leis an disciplín dréachtaithe reachtaíochta agus, chomh maith le beartas an Rialtais a léiriú, ní foláir don reachtaíocht sin a bheith slán ó thaobh an Bhunreachta de, go dtugtar aird inti ar an gcóras dlí i gcoitinne agus í a bheith soiléir agus éifeachtach.

## Ról Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Is í Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit an príomhsholáthraí Seirbhísí Aturnae don Ard-Aighne agus don Rialtas. Cuireann OPAS réimse leathan seirbhísí dlí ar fáil don Ard-Aighne agus do Ranna agus Oifigí, ar fud na gcúig Rannán dlí seo a leanas: Rannán an Dlí Riaracháin; Rannán an Dlí Chomhairligh, Tráchtála & Fostaíochta; Rannán an Dlí Bunreachta & Dlíthíochta Stáit; an Rannán Ceartais; agus an Rannán Maoine Stáit atá miondealaithe tuilleadh ina 17 rannóg agus aonad dlí. Cuirtear seirbhís aturnae dlí chomhairleach, dlíthíochta agus idirbheartaíochta iomlán ar fáil ar fud raon leathan réimsí, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- dlíthíocht bhunreachta, shibhialta agus thráchtála a bhaineann le Ranna Rialtais, Oifigí agus An Garda Síochána
- athbhreithniú breithiúnach (maidir le cúrsaí ginearálta agus maidir le hinimirce agus tearmann araon)
- dlíthíocht chomhshaoil agus soláthair
- ionadaíocht a dhéanamh ar an Stát os comhair na Cúirte Breithiúnais, na Cúirte Ginearálta agus Chúirt Comhlachas Saorthrádála na hEorpa
- dlíthíocht maidir le heiseachadadh, an Barántas Gabhála Eorpach agus Cúnamh Frithpháirteach
- dlíthíocht fostaíochta
- ionchoisní agus Ionchúisimh Aire
- airgead calaoiseach nó airgead a fhaightear trí choireacht a aisghabháil
- éilimh tortacha
- iarratais habeas corpus
- ionadaíocht a dhéanamh ar chliaint i gcomhréitigh agus eadránacha agus roimh Bhinsí Fiosrúcháin agus Coimisiúin Imscrúdúcháin
- seirbhís tíolactha idirbheartaíochtaí do Ranna Rialtais agus OOP

- léasú agus ceadúnú tráchtála agus ceisteanna maidir le tiarnaí talún agus tionóntaí
- urrús ar mhaoin chun infheistíochtaí caipitil Stáit a chosaint
- réadmhaoin agus maoin phearsanta a chineachadh don Stát faoin Acht Maoine Stáit 1954 agus faoin Acht Comharbais 1965
- seirbhísí idirbheartaíochta iomlána soláthair phoiblí agus dlí tráchtála don Oifig um Sholáthar Rialtais agus Ranna Rialtais

## Dlíodóirí ar Iasacht

Tugtar Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht do Ranna Rialtais mar Chomhairleoirí Dlí inmheánacha. Ag deireadh na bliana 2021 bhí 32 Abhcóide Comhairleach ar iasacht i 14 Roinn. Bhí Abhcóide Comhairleach amháin ar iasacht i mBuanionadaíocht AE agus bhí Abhcóide Comhairleach eile ar iasacht sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine. Chomh maith leis sin, bhí beirt Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht mar Shaineolaithe Náisiúnta in institiúidí AE. Glacann Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht páirt i ngach saincheist mhór dlí laistigh de Ranna agus cuireann siad comhairle dlí ar fáil go díreach chuig Ranna. Gníomhaíonn siad mar nasc idir an Roinn agus Oifig an Ard-Aighne.

In 2021, tugadh naonúr aturnaetha OPAS ar iasacht don Choimisiún Eorpach, don Roinn Oideachais, don Roinn Cosanta, d’Ionchoisne Stardust, don Roinn Dlí agus Cirt, do na Coimisiúin Imscrúdúcháin agus don Bhinse Fiosrúcháin um Nochtadh.

## An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Déantar an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a mhaoiniú go hiomláin ó vóta Oifig an Ard-Aighne [1]. Is comhlacht reachtúil é a bunaíodh faoin Acht fán gCoimisiún um

[1] Airgead do sheirbhísí na hOifige a vótálann an Dáil ar bhonn bliantúil.

Athchóiriú an Dlí 1975. Is é an ról atá aige an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí a dhéanamh dá réir sin maidir le hathchóiriú an dlí, agus an dlí atá ann faoi láthair a dhéanamh inrochtana do chách. Déantar clár an Choimisiúin a chur i gcrích go príomha faoi chlár athchóirithe an dlí a cheadaíonn an Rialtas agus a leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Ina theannta sin, oibríonn an Coimisiún ar nithe sonracha a ndéanann an tArd-Aighne a tharchur chuige faoi Acht 1975.

## Tuilleadh Faisnéise

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil maidir le OAA agus OPAS, tabhair cuairt, le do thoil, ar ár láithreáin gréasáin ag https://www.attorneygeneral.ie.

# Cuid 2

## Baint Amach Spriocanna Straitéiseacha an Ráitis Straitéise[2]

[2] De réir mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2020-2023

# Sprioc Straitéiseach 1: Freastal ar ár gcliaint

## Sainseirbhís dlí a sholáthar lena sásaítear riachtanais ár gcliant

Tuairisciú ar Sprioc Straitéiseach 1 de chuid an Ráitis Straitéise

### Sainseirbhís chomhairleach dlí a sholáthar ina mbaintear amach riachtanais ár gcliant

Mar fhreagairt ar an bpaindéim Covid-19, leanadh de sholáthar seirbhísí comhairleacha dlí Oifig an Ard-Aighne a chur ar fáil trí chianobair mar aon le seirbhís na nAbhcóidí Comhairleacha ar an láthair agus córais agus próisis a chur in oiriúint don timpeallacht sin ar bhonn leanúnach. Trí sin, bhíothas in ann comhairle maidir leis an bhfreagra reachtaíochta ar Covid a chur ar fáil go práinneach do chliaint i ndáil le ceisteanna chomh héagsúil leis na srianta riachtanacha ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí, na bearta tacaíochta airgid, srianta taistil agus coraintín éigeantach in óstán. Cuireadh comhairle ar fáil do na Ranna Rialtais ar fad maidir le saincheisteanna dlí éagsúla agus casta a tháinig chun cinn de bharr Covid agus an Bhreatimeachta agus tá samplaí áirithe ar leith leagtha amach thíos.

In 2021, lean an Rannán Comhairleach laistigh de OPAS de sheirbhís dlí a chur ar fáil do chliaint roimh bhinsí, coimisiúin imscrúdúcháin, fiosrúcháin reachtúla agus athbhreithnithe reachtúla, lena n-áirítear go háirithe: an Binse um Nochtuithe; an Coimisiún Imscrúdúcháin (Freagairt ar ghearáin nó líomhaintí i ndáil le drochúsáid ghnéasach leanaí a rinneadh); fiosrúcháin líonmhara faoi Alt 42 d’Acht an Gharda Síochána 2005 agus an chéad athscrúdú ar dhréacht-tuarascáil deiridh i ndáil leis an timpiste héileacaptair R116 de bhun alt 15 de I.R. Uimh. 460 de 2009.

**Samplaí de sheirbhísí dlí a chuir an Oifig ar fáil in 2021**

**An Phaindéim Covid-19**

Cuireadh comhairle fhairsing ar fáil do go leor Ranna Rialtais – go háirithe don Roinn Sláinte – maidir le sraith bearta dlíthiúla, a chuimsigh reachtaíocht phríomha agus thánaisteach araon, a bhí ag teastáil chun bonn agus taca a chur faoi fhreagairt leanúnach an Stáit i leith na paindéime Covid-19. Chomh maith leis sin, tháinig saincheisteanna cosanta sonraí chun cinn a raibh comhairle phráinneach ag teastáil ina leith go minic i gcomhthéacs na ngnéithe líonmhara den phaindéim Covid, lenar áiríodh comhairle maidir le seirbhísí poiblí a chur ar fáil ó chian, rianú teagmhálaithe, foirmeacha aimsithe paisinéirí, úsáid a bhaint as Deimhnithe Digiteacha Covid mar fhianaise ar vacsaíniú agus coraintín éigeantach in óstán. Léirítear nádúr frithghníomhach na comhairle agus an fhreagartha seo ós rud é gur chuir an Rannán Comhairleach agus Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas ("ODP") comhairle dlí agus tacaíocht dréachtaithe ar fáil chun síneadh a chur le feidhmiú bhearta reachtaíochta Covid-19 trí chomhairle a chur ar fáil i leith rúin an Oireachtais, reachtaíocht phríomha, agus leasú reachtach agus iad a dhréachtú chun síneadh a chur le feidhmiú na reachtaíochta príomha.

Chomh maith leis sin, cuireadh comhairle ar fáil i dtaca le cosaint an Stáit ar dhlíthíocht ar cuireadh tús léi de bhun fhreagairt an Stáit i leith na paindéime Covid-19. Áiríodh leis sin comhairle do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus don Roinn Dlí agus Cirt mar fhreagra ar líon iarratas de bhun Airteagal 40 den Bhunreacht a thug príosúnaigh a mheas gur imríodh drochthionchar ar a gcoinníollacha coinneála agus modhanna rochtana ar na cúirteanna mar gheall ar bhearta a rinneadh chun scaipeadh Covid-19 a laghdú i bpríosúin. Thug Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ("OPAS") agus an Oifig comhairle maidir le conarthaí chun vacsaíní Covid-19 a cheannach agus na himpleachtaí dlíthiúla a bhaineann leo don Stát agus idirghníomhú le cláir ceannacháin chomhpháirteacha AE.

- **Coraintín éigeantach in óstáin**

Agus tús curtha le córas de choraintín éigeantach in óstáin, cruthaíodh córas d'achomhairc reachtúla do dhaoine a mhaígh nach raibh siad faoi dhliteanas nó faoi réir coraintín dá leithéid. Cruthaíodh foireann trasoifige d'Abhcóidí Comhairleacha agus dlíodóirí OPAS chun freagra práinneach a thabhairt ar iarratais ar fhiosrúcháin Ard-Chúirte faoi Airteagal 40 maidir le coinneáil de bhun coraintín éigeantach in óstán. Chuir Abhcóidí Comhairleacha tacaíocht ar fáil do Ranna Rialtais i gcuibhreann leis an gCoimisiún Eorpach maidir leis an ngné dlí AE a bhaineann le coraintín éigeantach in óstáin.

- **Dlíthíocht i ndáil le Covid réitithe in 2021**

Agóid ó Chlub Cúrsála na hÉireann – rinne an tIarratasóir, Club Cúrsála na hÉireann, agóid in aghaidh rialacháin a rinne an tAire Sláinte i mí na Nollag 2020, ar trí shrianta a chur i bhfeidhm ar chruinnithe de ghrúpaí móra, a cuireadh cosc ar imeachtaí cúrsála a reáchtáil. Theip ar an Iarratasóir an t-ordú a bhí á lorg a fháil, le go gceadódh an tAire imeachtaí dá leithéid a reáchtáil trí bhíthin rialacháin.

- **Agóid ó Chumann Bialann na hÉireann**

Rinne an tIarratasóir agóid in aghaidh na rialachán a cuireadh i bhfeidhm ar tríothu sin a dúnadh ar dtús agus ansin a osclaíodh bialanna agus tithe tábhairne faoi choinníollacha a bhí difriúil ó na coinníollacha a bhain le hóstáin agus cóiríocht lóistín. Chuir an Stát ina aghaidh an iarratais agus tharraing an tIarratasóir siar seachas leanúint ar aghaidh chuig éisteacht.

**An Breatimeacht**

Cuireadh an Comhaontú Trádála agus Comhair AE/RA i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2021, agus tháinig sé i bhfeidhm go foirmiúil ar an 1 Bealtaine 2021. Chuir an Oifig comhairle ar fáil go leanúnach agus tugadh tacaíocht d'obair Ranna cliaint, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht ghníomhach i ngrúpaí oibre idir-rannacha ábhartha,

maidir lenár mbealach a dhéanamh tríd an tréimhse nua seo i gcaidreamh na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh leis an Ríocht Aontaithe.

Le IR 150/2021, Rialacháin ón Aontas Eorpach (Comhaontú Trádála agus Comhair)(Cuid 3)(Teideal VII) 2021, bunaítear an caidreamh maidir le tabhairt suas/eiseachadadh leis an RA i ndiaidh an Bhreatimeachta. Bhain Cás C-479/21 *PPU SN agus SD*, le réamhthagairt phráinneach ó Chúirt Uachtarach na hÉireann agus bhí sé ina ábhar i leith breithiúnas tábhachtach iar-Bhreatimeachta den CBAE i mí Mheán Fómhair 2021 lenar dearbhaíodh an bunús dlí don Chomhaontú um Tharraingt Siar agus don Chomhaontú Trádála agus Comhair araon. Soiléiríodh nádúr ceangailteach na gcomhaontuithe, na cúinsí uathúla a bhí ina gcúis leis na comhaontuithe agus idirghníomhú na mbunús dlí sin lena n-ábhar maidir le forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach. Trí sin, rinneadh éascaíocht ar thosú an athuair ar thabhairt suas de réir mar a bhí idir an Stát agus an RA. Rinne an Oifig obair chomhairliúcháin shuntasach ar na Teidil um chúnamh frithpháirteach calcadh agus coigistiú den Chomhaontú Trádála agus Comhair a dhéanamh inoibrithe sa bhaile.

Samplaí eile de cheisteanna comhairliúcháin OAA

- Comhairle maidir le hullmhúcháin do *America's Cup 2024* agus páirt a ghlacadh ann in éineacht le comhairle maidir leis na hoibleagáidí tráchtála dlíthiúla agus conarthacha a bhaineann le páirt a ghlacadh sa chomórtas.
- Cuireadh comhairle shuntasach ar fáil maidir leis an oibleagáid atá ar an Stát comhoibriú leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta nuair atá an Chúirt ag feidhmiú a dlínse ar choireanna cogaidh de réir an tsainmhínithe bhreise de i ndiaidh leasuithe ar Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta i gcúinsí nár dhaingnigh Éire na leasuithe sin a rinneadh ar Reacht na Róimhe; tríd an gcomhairle seo, soiléiríodh na hoibleagáidí atá ar an Stát faoin dlí idirnáisiúnta agus cé acu atá nó nach bhfuil na dlíthe intíre reatha leordhóthanach chun oibleagáidí an Stáit a chomhlíonadh

ag féachaint do mhéadú na gcoireanna is féidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a ionchúiseamh.

- Cuireadh comhairle shuntasach ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt i ndáil leis an gCreat-Chinneadh ón gComhairle agus reachtaíocht intíre maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do phionóis airgid sheachtracha i.e. aitheantas frithpháirteach a thabhairt do phionóis airgid arna gcur i bhfeidhm ag údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin chun críche éascaíocht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú i mBallstát seachas an Stát ina gcuirtear na pionóis i bhfeidhm.
- Cuireadh comhairle shuntasach ar fáil maidir le gnéithe éagsúla de phríosúin a bhainistiú lena n-áirítear príosúnaigh ag diúltú bia agus príosúnaigh a chuardach.
- Cuireadh comhairle fhairsing ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt agus don Gharda Síochána maidir leis an gcreat reachtúil lena rialaítear arm tine. Áiríodh leis sin comhairle maidir le bearta reachtacha Eorpacha maidir le hairm tine a thrasuí ag an Stát, agus cuireadh comhairle ar fáil maidir le himeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh a chosaint lena ndéantar agóid in aghaidh oibleagáidí a cuireadh ar iarratasóirí de bhun Achtanna na nArm Tine.
- Cuireadh cúnamh comhairliúcháin ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le dréacht-reachtaíocht lena bhforáiltear do chóras nua athstruchtúraithe corparáidigh do SMEnna, arb é sin Acht na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí) 2021.
- Cuireadh cúnamh comhairliúcháin ar fáil don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le dréacht-reachtaíocht i ndáil le cosc a chur ar fheirmeoireacht fionnaidh laistigh den Stát, arb é sin an Bille um Shláinte agus Leas Ainmhithe agus um Fhoraoiseacht (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021.
- Cuireadh comhairle ar fáil don Roinn Airgeadais maidir le tograí reachtacha a bhaineann leis an gComhaontú lena Leasaítear an Conradh a dhaingniú lena mbunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach.

- Cuireadh comhairle ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le tograí reachtacha chun onnmhairí míleata agus dé-úsáide a rialú.
- Cuireadh comhairle ar fáil don Rialtas maidir le ceisteanna éagsúla a bhaineann leis an Straitéis um Thithíocht do Chách agus maidir le saincheisteanna tionóntachta cónaithe gaolmhara, agus maidir leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún freisin.
- Tugadh comhairle maidir le saincheisteanna cosanta sonraí i mbearta reachtacha chun aghaidh a thabhairt ar an bpaindéim Covid-19.
- Tugadh comhairle maidir le saincheisteanna cosanta sonraí i ndáil leis an mBille um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú agus i ndáil le ceisteanna eile.
- Tugadh comhairle do Ranna Rialtais éagsúla maidir le Nochtadh Cosanta, lena n-áirítear an Bille um Nochtadh Cosanta (Leasú) freisin.
- Tugadh comhairle don Roinn Sláinte maidir le ceisteanna éagsúla a bhaineann leis an reachtaíocht Cervical Check.
- Tugadh comhairle do Ranna Rialtais éagsúla maidir le ceisteanna dlí fostaíochta lena n-áirítear gearáin maidir le comhionannas.
- Tugadh comhairle don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le ceisteanna a bhaineann le reachtaíocht i ndáil le Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (BAEMPL).
- Tugadh comhairle don Roinn Sláinte maidir le ceisteanna éagsúla a bhaineann le Sláintecare a chur i bhfeidhm.
- Tugadh comhairle don Roinn Coimirce Sóisialaí i ndáil leis an gCárta Seirbhísí Poiblí agus dlíthíocht a bhaineann leis.
- Tugadh comhairle do Ranna Rialtais éagsúla maidir le saincheisteanna i ndáil le Saoráil Faisnéise.
- Glacadh páirt sa Ghrúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach, ar cuireadh tús lena chuid oibre in 2021, ina ndéantar breithniú fairsing ar shaincheisteanna maidir le hacmhainní a chur ar fáil do bhreithiúna agus rannpháirtíocht dhíreach ó

bhreithiúna mar aon le hidirghabháil leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE).

## Sainseirbhís dréachtaithe reachtaíochta a chur ar fáil ina dtugtar éifeacht do bheartas an Rialtais

Dhréachtaigh ODP reachtaíocht phríomha agus thánaisteach d'fhonn éifeacht a thabhairt don bheartas reachtaíochta a leag an Rialtas amach, i gcomhréir leis an mBunreacht agus le hoibleagáidí an Stáit don AE. Áiríodh leis sin méid mór de reachtaíocht chasta ina ndeachthas i ngleic le raon leathan saincheisteanna, lena n-áirítear saincheisteanna mar thoradh ar Covid-19.

Dhréachtaigh ODP líon suntasach de Bhillí Rialtais le linn 2021. Foilsíodh 49 Bille Rialtais (a dtugtar liosta díobh in Iarscríbhinn A), agus achtaíodh 49 Bille Rialtais (a dtugtar liosta díobh in Iarscríbhinn B). Chomh maith leis sin, dhréachtaigh ODP leasuithe ar Bhillí Rialtais ag Céim an Choiste agus Céim na Tuarascála. Dhréachtaigh ODP leasuithe ag Céim an Choiste agus Céim na Tuarascála ar Bhille Comhaltaí Príobháideacha amháin a achtaíodh in 2021 (atá liostaithe in Iarscríbhinn C).

Dhréachtaigh ODP 337 cinn de na hionstraimí reachtúla a rinneadh in 2021, lena n-áirítear 45 cinn chun críocha bearta AE a thrasuí i ndlí na hÉireann.

### Teagmháil le Coiste Reachtaíochta an Rialtais

Meabhraíodh do ranna faoin ról lárnach atá ag Coiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le tosaíochtaí reachtaíochta an Rialtais a leagan síos agus maoirseacht a dhéanamh orthu, agus faoina ról a chinntiú go mbaineann an Rialtas an tairbhe is mó as na seirbhísí a chuireann ODP ar fáil d'fhonn Clár Reachtaíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm go rathúil.

Le linn na bliana 2021, lean ODP de pháirt ghníomhach a ghlacadh i gCoiste Reachtaíochta an Rialtais trí thuarascálacha rialta a chur ar fáil chun eolas a thabhairt faoi dhul chun cinn maidir le Billí ar an Liosta Tosaíochta a dhréachtú. Tríd an tuarascáil seo, bhí an Coiste in ann monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chlár Reachtaíochta an Rialtais. Trí rannpháirtíocht leanúnach ODP in obair an Choiste, cuireadh córas ríthábhachtach ar fáil chun idirghabháil a dhéanamh i dtosaíochtaí reachtaíochta iomaíocha idir Ranna. Thug na Dréachtóirí Parlaiminte faisnéis don Ard-Aighne (atá ina chomhalta de Choiste Reachtaíochta an Rialtais agus a fhreastalaíonn ar chruinnithe den Choiste) ar bhonn rialta maidir le dul chun cinn i ndáil le dréacht-reachtaíocht agus saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn le linn an phróisis dréachtaithe.

**Teagmháil le Ranna Rialtais**

In 2021, lean ODP de theagmháil a dhéanamh le Ranna ag gach céim den phróiseas dréachtaithe d'fhonn éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach ina n-idirghníomhaíochtaí. Spreagadh Ranna dul i gcomhairle le hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht ag céim luath maidir le tograí reachtacha a fhorbairt agus le Ranna ar bith eile a bhféadfadh na tograí dul i bhfeidhm ar a sainchúram. Lean ODP de theagmháil a dhéanamh le Ranna chun tacú lena dtionscnaimh oiliúna a bhain leis an bpróiseas reachtach.

**Béim a leagan ar an tábhacht a ghabhann le cloí le nósanna imeachta agus le tograí beartais atá forbartha go hiomlán**

I rith na bliana 2021, lean ODP de Ranna a éascú trí reachtaíocht a raibh géarghá léi a dhréachtú agus, ag an am céanna, leanadh de bheith ag cur i gcuimhne do Ranna go raibh sé tábhachtach cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Lámhleabhar Comh-Aireachta chun a chumasú do ODP reachtaíocht a chur ar fáil laistigh den amscála riachtanach. Ina theannta sin, lean ODP de bheith ag cur ina luí ar Ranna

chomh tábhachtach agus atá sé tograí beartais a cheapadh agus a fhorbairt go hiomlán sula lorgaítear seirbhísí ODP.

**Teagmháil le hAbhcóidí Comhairleacha**

Lean ODP de bheith ag dul i gcomhairle agus ag comhoibriú le hAbhcóidí Comhairleacha trí bhíthin plé neamhfhoirmiúil agus iarrataí i scríbhinn ar chomhairle maidir le saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn le linn reachtaíocht a dhréachtú.

**Nósanna imeachta maidir le Deimhniú Cáilíochta ODP**

Lean Dréachtóirí Parlaiminte de nósanna imeachta Deimhnithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm i rith na bliana 2021 agus é mar aidhm acu cáilíocht agus éifeachtacht dhlíthiúil dréachtreachtaíochta a choimirciú agus, ag an am céanna, comhroinnt saineolais agus léargas a éascú.

Lean ODP de chóras coiteann TF a úsáid chun téacs Billí agus leasuithe ar Bhillí a ullmhú i gcomhar le hOifig na mBillí i dTithe an Oireachtais. I rith na bliana 2021, eagraíodh roinnt seisiún oiliúna maidir leis an gcóras.

Samplaí de Reachtaíocht a dhréachtaigh ODP sa bhliain 2021:

- An tAcht um Shaoire Theaghlaigh agus Forálacha Ilghnéitheacha 2021

  Lena leasaítear an tAcht um Shaoire Uchtaíoch 1995 chun a chumasú do lánúin, a dhéanfaidh leanbh a uchtú i gcomhpháirt, a roghnú cén duine den lánúin a bheidh i dteideal saoire fostaíochta faoin Acht sin chun críche an uchtaithe. Chomh maith leis sin, leasaítear an tAcht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora 2019 chun an tréimhse a fhadú ina mbeidh an tuismitheoir iomchuí i dteideal saoire óna fhostaíocht nó óna fostaíocht faoin Acht sin agus chun an tréimhse a fhadú ina bhféadfar saoire den sórt sin a thógáil. Chun na gcríoch sin, leasaítear an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 agus achtacháin áirithe eile freisin.

- An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil 2021

  Déantar foráil i ndáil le ceisteanna maidir le nós imeachta coiriúil. Go háirithe, chun socrú a dhéanamh maidir le réamhéisteachtaí trialacha i leith cionta coiriúla áirithe a thriail. Chomh maith leis sin, déantar socrú maidir le doiciméid agus ábhair áirithe a thabhairt do ghiúiréithe le linn cionta áirithe a thriail agus leasaítear líon Achtanna eile den Oireachtas a bhaineann le nós imeachta coiriúil.

- An tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais (Leasú) 2021

  Lena leasaítear an tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009 chun athrú a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitear le feirmeacha agus sócmhainní gnó áirithe agus measúnú á dhéanamh ar acmhainn daoine áirithe i seirbhísí cúraim cónaithe fadtéarmacha ag a bhfuil, nó ag a raibh, leas i bhfeirm nó i ngnó dá leithéid.

- An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021

  Déantar foráil d'athruithe áirithe ar na nósanna imeachta den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre chun cinneadh na Cúirte Uachtaraí maidir le Zalewski v. Oifigeach Breithniúcháin & Ors [2021] IESC 24 a chur san áireamh, mar shampla, i ndáil le himeachtaí a éisteacht go poiblí agus daoine a chur faoi mhionn. Chomh maith leis sin, rinneadh foráil san Acht seo i ndáil le hincháilitheacht oifigeach breithniúcháin i leith ceapachán agus i ndáil leis an Rialtas ceapacháin dá leithéid a chúlghairm i gcúinsí áirithe, lena n-éilítear go ndéanfar iarratais i ndáil le forfheidhmiú chinntí oifigeach breithniúcháin iar bhfógra, agus lena bhforáiltear go

mbeidh an cathaoirleach, an leaschathaoirleach agus gnáthchomhaltaí na Cúirte Oibreachais neamhspleách i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna dóibh.

- Acht na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí) 2021

  Lena leasaítear Acht na gCuideachtaí, 2014 chun socrú a dhéanamh, in imthosca áirithe, maidir le próiseas tarrthála le haghaidh cuideachtaí beaga agus micreachuideachtaí nach bhfuil in ann, nó nach dóigh dóibh a bheith in ann, a bhfiacha a íoc

- An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Leasú) 2021

  Lena leasaítear an tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012, an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997, an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011, agus Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014 le go ndéanfar maoine atá á n-athluacháil do Cháin Mhaoine Áitiúil ar an 1 Samhain 2021 agus ina dhiaidh sin a athbhreithniú gach ceithre bliana.

- An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021

  Lena leasaítear an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 chun foráil a dhéanamh don aistriú chuig geilleagar aeráid-neodrach faoin mbliain 2050 (an sprioc náisiúnta aeráide). Leis an Acht, éilítear ar an Rialtas buiséid charbóin, uasteorainneacha astaíochtaí earnála, plean gnímh don aeráid, straitéis náisiúnta fadtéarmach um ghníomhú ar son na haeráide agus creat náisiúnta um oiriúnú a cheadú chun tacú leis an sprioc náisiúnta aeráide a bhaint amach. Chomh maith leis sin, treisítear leis an Acht ról na Comhairle Comhairlí um an Athrú Aeráide.

- An tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021

  Cruthaítear córas pleanála don limistéar muirí agus bunaítear gníomhaireacht nua – An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA). Feidhmeoidh MARA réimeas toilithe i leith an limistéar muirí a áitiú, mar aon le toiliú forbartha gaolmhar. Chomh maith leis sin, ceadófar ceadúnais le haghaidh úsáidí muirí sainithe agus déanfar maoirseacht ar chomhlíonadh agus forfheidhmiú.

- Bille an Gharda Síochána (Feidhmeanna agus Limistéir Oibríochta) 2021

  Lena leasaítear achtacháin áirithe, de dhroim athruithe ar an modh ar a ndéanfar an Garda Síochána a dháileadh agus a chur ar stáisiún ar fud an Stáit. Tá foráil ann maidir le tagairtí in achtacháin áirithe do dhúichí Garda, gur tagairtí iad, nó go ndéanfar iad a fhorléiriú mar thagairtí, do rannáin Garda Síochána. Tá foráil ann maidir le feidhmeanna sonraithe de chuid comhaltaí den Gharda Síochána faoi achtacháin áirithe, go bhféadfaidh comhaltaí ag a bhfuil céim éagsúil iad a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, leasaítear leis an mBille Acht an Gharda Síochána 2005 chun réimeas tástála ar chomhaltaí agus daoine áirithe eile a thabhairt isteach lena bhrath cé acu ar úsáid nó nár úsáid siad druga rialaithe nó substaintí sícighníomhacha.

- An Bille um Shláinte agus Leas Ainmhithe agus um Fhoraoiseacht (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021

  Lena leasaítear an tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013 chun socrú a dhéanamh maidir le toirmeasc ar ainmhithe sonraithe a phórú, a thógáil nó a choimeád d'aon toisc nó go príomha le haghaidh luach a bhfionnaidh nó a seithe nó le haghaidh táirgí a mhonarú as a bhfionnadh nó as a seithe agus chun socrú a dhéanamh maidir le córas cúitimh do dhaoine a bhí ag gabháil d'fheirmeoireacht fionnaidh minceanna roimh theacht i ngníomh don toirmeasc de bhun ceadúnas faoi Acht na bhFranncach Muisc 1933. Tugtar cumhacht don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun rialacháin a dhéanamh d'fhonn marglanna beostoic a cheadúnú. Chomh maith leis sin, leasaítear an tAcht Foraoiseachta 2014 chun socrú a dhéanamh maidir le scéimeanna chun éascaíocht a dhéanamh i leith limistéir crann dúchasach a chur.

### Reachtaíocht a dréachtaíodh i ndáil le Covid-19

- An tAcht Sláinte (Leasú) 2021

  Rinneadh foráil eisceachtúil d'fhorfheidhmiú rialachán faoi alt 31A den Acht Sláinte 1947 agus rinneadh foráil do choraintín éigeantach maidir le daoine ag teacht isteach sa Stát ó limistéir áirithe ina bhfuil eolas ar thraschur marthanach Covid-19 i measc daoine, nó ina bhfuil riosca ard ionfhabhtú le Covid-19 a iompórtáil. Rinneadh foráil freisin do roghanna malartacha ar choraintín do dhaoine ag teacht isteach sa Stát a léirigh go raibh rún acu iarratas a dhéanamh ar chosaintí idirnáisiúnta agus do mhionaoisigh neamhthionlactha.

- An tAcht Sláinte (Leasú) (Uimh. 2) 2021

  Rinneadh foráil d'fheidhmiú dleathach áitreabh faoi dhíon áirithe faoi réir coinníollacha áirithe in ainneoin srianta a bhí i bhfeidhm i ndáil le háitribh dá leithéid agus leasaíodh riachtanais áirithe acu sin i ndáil le daoine ag teacht isteach sa Stát lena n-áirítear i ndáil le coraintín éigeantach maidir le daoine ag teacht isteach sa Stát.

- An tAcht Sláinte (Leasú) (Uimh. 3) 2021

  Rinneadh foráil do choraintín éigeantach a thabhairt ar ais ar bhonn sealadach maidir le daoine ag teacht isteach sa Stát ó limistéir áirithe ina bhfuil eolas ar thraschur marthanach Covid-19 i measc daoine, nó ina bhfuil riosca ard ionfhabhtú le Covid-19 a iompórtáil, agus bearta coimhdeacha.

- An tAcht Oideachais (Ardteistiméireacht 2021) (Gráid Chreidiúnaithe) 2021

  Déantar foráil, mar gheall ar riachtanais na héigeandála sláinte poiblí de dheasca leathadh an ghalair ar a dtugtar Covid-19, maidir le córas grád creidiúnaithe chun críocha Ardteistiméireacht 2021 agus chun na críche sin, déantar foráil maidir le daoine áirithe a shlánú i leith marcanna measta a sholáthar. Leis an Acht seo freisin, toirmeascadh cumarsáidí áirithe le múinteoirí, oidí, príomhoidí agus daoine eile a chomhlíonann aon fheidhm i ndáil le marcanna measta a sholáthar agus rinneadh foráil maidir le teastais a eisiúint i leith na dtorthaí críochnaitheacha arna ndámhachtain le haghaidh Scrúdú na hArdteistiméireachta don bhliain 2020.

- An tAcht Airgeadais (Covid-19 agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2021

  Déantar foráil do ráta dleachta stampála 10 faoin gcéad ar 10 n-aonad cónaithe nó níos mó a fháil le linn tréimhse leanúnach 12 mhí d'fhonn ceannacháin ilaonaid a dhíspreagadh agus déantar foráil freisin maidir le síneadh a chur le scéimeanna agus bearta tacaíochta áirithe atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí Covid-19 ar fhostóirí agus gnólachtaí.

## Seirbhís dlí réiteach-bhunaithe a sholáthar faoi cheannas OPAS mar thacaíocht i leith chuspóirí idirbheartaíochta agus gnó ár gcliant a chur i bhfeidhm i réimsí maidir le tíolacadh, réadmhaoin, soláthar poiblí agus dlí conarthaí tráchtála

Trí sheirbhís idirbheartaíochta réiteach-bhunaithe a sholáthar do Ranna agus d'Oifigí cliaint, cuireann an Rannán Maoine Stáit agus an Rannóg Conarthaí Tráchtála réitigh phraiticiúla ar fáil dá gcliaint chun tabhairt faoina ndúshláin ghnó. Oibríonn an Rannán Maoine Stáit agus an Rannóg Conarthaí Tráchtála araon le cliaint chun comhsheasmhacht agus cuíchóiriú a chur chun cinn i ngach idirbheart d'fhonn éifeachtúlacht a bhrú chun cinn maidir le seirbhísí a sholáthar agus comhairle a chur ar fáil maidir le beartas poiblí a fhorbairt. Chomh maith leis sin, comhoibríonn siad ar bhonn gníomhach le comhghleacaithe i rannóga dlíthíochta OPAS, Abhcóidí Comhairleacha agus abhcóidí seachtracha maidir le ceisteanna dlíthíochta.

**Rannóg Conarthaí Tráchtála**

<u>Obair a bhain le Covid-19 sa bhliain 2021</u>

- Thug OPAS comhairle don Roinn Iompair maidir lena cumas brath ar mhaolú ó rialacha soláthair agus dhréachtaigh sé conradh tástála Antaigine Covid-19 d'iompróirí ag taisteal ó Éirinn go dtí an Fhrainc.
- Thug OPAS comhairle don Roinn Sláinte maidir le saoráidí Coraintín Éigeantach in Óstán a chur i bhfeidhm i mí an Mhárta 2021. Chuir OPAS, in éineacht le hAbhcóidí Comhairleacha, comhairle ar fáil don Roinn maidir lena cumas brath ar mhaolú ó rialacha soláthair chun saoráidí coraintín éigeantach in óstán a chur i bhfeidhm. Dhréachtaigh OPAS conradh tosaigh gearrthéarmach agus chuidigh OPAS leis an Roinn a soláthar níos fadtéarmaí a chur i gcrích.

- In 2021, chomhairligh OPAS don Roinn Sláinte an farasbarr vacsaíní Covid-19 a dheonú do thíortha lasmuigh den AE, ar bhonn díreach nuair a bhí an stoc vacsaíní ag Éirinn agus trí Chóras Covax AE trí athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhchomhaontuithe APA, litreacha cumhdaigh, comhaontuithe leasaitheach tríthaobhacha idir na monaróirí, Éire agus tíortha is faighteoirí a leasú agus comhaontuithe déthaobhacha saincheaptha a dhréachtú idir Éire agus tíortha is faighteoirí a raibh bronnadh vacsaíní Pfizer, AstraZeneca, Janssen mar thoradh orthu.
- Thug OPAS comhairle don Roinn Sláinte i ndáil le conradh a thabhairt chun críche maidir le seirbhís lárionad glaonna Foirmeacha Aimsithe Paisinéirí a chur ar fáil.

Comhairle don Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) in 2021

- Thug OPAS comhairle do OSR maidir le bunú rathúil Córas Ceannaigh Dinimiciúil (€200m) a bhfuil luach an-ard ag baint leis chun socrú a dhéanamh do Straitéis & Seirbhísí Ceannacháin na Meán atá ar fáil do gach Comhlacht san Earnáil Phoiblí.
- Thug OPAS comhairle do OSR maidir le forbairt agus soláthar dhá chreat ilmhíre chun Seirbhísí Tacaíochta Teicniúla TFC a chur ar fáil don Earnáil Phoiblí a chuireann solúbthacht ar fáil do Chomhlachtaí Poiblí le linn seirbhísí a sholáthar.
- Thug OPAS comhairle do OSR maidir le soláthar agus leathadh amach rathúil an chreata dara glúin chun seirbhísí gutha agus sonraí soghluaiste a chur ar fáil d’earnáil phoiblí na hÉireann. Bhí méid mór gnó i gceist sa chéad chreat ar tháinig méadú suntasach air mar gheall ar éilimh a tháinig chun cinn de bharr na paindéime. Tá míreanna iomadúla ag an gcreat ilmhíre a bhfuil luach €140 milliún luaite leis agus tá sé casta ó thaobh soláthair de, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le soláthraí aonair agus soláthraithe iolracha agus tá spéis shuntasach ann i ngach cearn de mhargadh na hÉireann.

Ceisteanna suntasacha eile maidir le Soláthar Poiblí agus conradh dlí tráchtála

- **Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla:** Thug OPAS agus Abhcóidí Comhairleacha comhairle don Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le soláthar rathúil chéim a haon de na Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla. Tá an tseirbhís seo, in éineacht le JobPath ar an dá phríomhsheirbhís gníomhachtaithe fostaíochta náisiúnta, chun tacú le daoine dífhostaithe filleadh ar an margadh fostaíochta. Bronnadh conarthaí sa bhliain 2021. Tá sé mar aidhm céim 2 a thabhairt chun deiridh in 2022.
- **Conradh TFC na hOifige Luachála**: Thug OPAS comhairle don Oifig Luachála maidir le soláthar rathúil de réiteach bogearraí mar sheirbhís néalbhunaithe do luachálacha tráchtála. Bhí caiteachas suntasach i gceist leis an tionscadal seo don Oifig Luachála. Bhí obair shuntasach ag teastáil chun conradh saincheaptha a dhréachtú a bhí inghlactha ag an margadh a ndeachthas ina bhun i mí Dheireadh Fómhair 2021.
- **Deontas Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide Bhord na Móna:** Dhréachtaigh OPAS comhaontú maoinithe deontais cuimsitheach don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le haghaidh maoiniú suas le €108 milliún do Bhord na Móna dá thionscadal athshlánaithe talún portaigh mórscála faoi réir sraith coinníollacha mionsonraithe.
- **Córas Portfóilió Tionscadail Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR):** Thug OPAS comhairle do OPOFR maidir le comórtas chun córas Bainistithe Portfóilió Tionscadail néal-óstáilte a sholáthar lena úsáid ar fud na Seirbhíse Poiblí, arb é an chéad chreat néal-óstáilte é don stát agus a chuirfidh bonn eolais faoi chreata néalbhunaithe amach anseo.

**Rannán Maoine Stáit OPAS**

**An Rannóg Léasanna Stáit**

- In 2021, lean an Rannóg Léasanna Stáit de chomhairle dlí a chur ar fáil d'Aonad Breatimeachta OOP maidir le léasanna agus ceadúnais éagsúla chun riachtanais

talún agus bonneagair a chomhlíonadh i ndáil le Brexit a chur i bhfeidhm agus ullmhacht leanúnach chun féachaint chuige go seasfaidh siad an aimsir.

**Ceisteanna suntasachta – An Rannóg Urrúis Stáit agus an Rannóg Díolacháin & Ceannacháin Stáit**

- D'oibrigh foireann thiomnaithe OPAS, in éineacht le hAbhcóidí Comhairleacha agus Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas, ar na hathbhreithnithe an-chasta i ndáil leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009 chomh fada is a bhain sé le hÉasúintí Forordaitheacha agus *Profits a Prendre*. Ba é an príomhchuspóir ná na tréimhsí Teorann 30 agus 60 bliain a fháil roimh sprioc-am reachtaíochta a bhí ag teacht an 1 Nollaig, 2021 ar in éagmais reachtaíocht a athchóiriú agus a aisghairm, a bheadh ina gcúis le deireadh a theacht le cearta Forordaitheacha nár cláraíodh roimh an 1 Nollaig, 2009. Achtaíodh an tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2021 an 30 Samhain 2021.

**Ceisteanna suntasacha i ndáil le Díolacháin agus Ceannacháin Stáit**

- Thug OPAS comhairle don Roinn Oideachais i gcónaí maidir le láithreáin scoile a fháil ar fud an Stáit mar chuid dá Clár Tógála Scoileanna. Ar na príomhláithreáin a fuarthas in 2021, áirítear láithreáin i nDún Laoghaire, An Bóthar Buí, Loch Sionnaigh agus Ráth Cúil chomh maith le láithreáin a fháil trí bhíthin aistrithe ionstáit ó Ranna eile agus ó údaráis áitiúla.
- Lean OPAS de chomhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí, ar cliant barrthábhachtach atá ann, i ndáil le maoine nach bhfuil ag teastáil a dhiúscairt.

  Chomh maith leis sin, cuireann an Rannóg tacaíocht ar fáil ar bhonn rialta i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le bainistiú leanúnach a dhéanamh ar an bportfóilió maoine.

- Thug OPAS comhairle don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le tailte portaigh a fháil mar chuid dá sainordú caomhantais chun gnáthóga dúlra annamha agus i mbaol a chosaint.

## Seirbhís dlíthíochta a sholáthar lena seachadtar torthaí optamacha

Le linn 2021, lean an Oifig de chinnte a dhéanamh de gur baineadh leas as an eolas agus taithí a gnóthaíodh le linn cásanna a reáchtáil chun eolas a dhéanamh do straitéis le haghaidh cásanna den chineál céanna agus trí sin, torthaí optamacha a bhaint amach. Trí úsáid a bhaint as a córais bainistíochta eolais, gabhadh comhairle thábhachtach lena húsáid sa todhchaí. Rinneadh an toradh a bhí ar chásanna suntasacha agus cásanna leasa trasearnála a chur in iúl do bhaill foirne lena chinntiú go mbainfí feidhm as an eolas seo ar mhaithe le cliaint le linn dlíthíocht a dhéanamh.

D’aithin OPAS agóidí dlí athfhillteacha maidir le reachtaíocht le Ranna agus spreagadh Ranna cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith leasú reachtaíochta a chur chun cinn chun deireadh a chur leis an riosca maidir le hagóid dhlíthiúil bhreise i gcás inar iomchuí.

**Samplaí de dhlíthíocht shuntasach in 2021**

**O’Doherty agus Waters v an tAire Sláinte, Éire agus an tArd-Aighne**

Cheistigh na hIarratasóirí is dlíthithe tuata dlíthiúlacht na reachtaíochta Covid-19 agus na srianta sóisialta a cuireadh i bhfeidhm le linn na paindéime Covid. Rinne siad achomharc chuig an gCúirt Achomhairc agus caitheadh a n-achomharc amach. Ina dhiaidh sin rinne siad iarratas ar chead chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach, a thug cead achomharc a dhéanamh maidir leis na pointí seo a leanas:

- Ar chóir cead a thabhairt mura leagann Iarratasóirí síos aon dúshraith fianaise maidir le comhréireacht nó maidir leis an tionchar díreach ar Iarratasóirí?
- I gcás inar léir ar an gcéad dul síos go bhfuil tionchar chomh soiléir agus suntasach ag na bearta a cheistítear ar chearta bunreachtúla gach aon saoránaigh, má cheistítear a mbailíocht in imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh, ar chóir cead a thabhairt athbhreithniú breithiúnach a lorg?
- Más cóir, an aistrítear an t-ualach fianaise chuig an bhFreagróir a mhaíonn go bhfuil na bearta comhréireach agus riachtanach?

Éistfidh 7 mBreitheamh den Chúirt Uachtarach an t-achomharc in 2022.

**Costello v. Rialtas na hÉireann, Éire agus an tArd- Aighne**

Lorg an tIarratasóir, ar TD atá ann, faoisimh ina n-áireofaí dearbhú go bhfuil Caibidil 8 den Chomhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CCET) idir an tAontas Eorpach agus Ceanada in aghaidh an Bhunreachta. Fuair an Ard-Chúirt, ag diúltú don fhaoiseamh a bhí á lorg, nár chruthaigh an gearánaí go mbeadh sé míbhunreachtúil CCET a dhaingniú ar an mbealach a moladh:

**Hosford v An tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí**

Bhain na himeachtaí seo le pionósú a líomhnaíodh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Níor éirigh leis an Uasal Hosford roimh an CCAO, an Chúirt Oibreachais agus an Ard-Chúirt, agus d’fhéach sé le hachomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Achomhairc. I mbreithiúnas a tugadh i mí na Nollag 2021, dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc nach bhfuil aon cheart ar achomharc ón Ard-Chúirt i gcásanna dá leithéid agus nach bhfuil aon dlínse aici an t-achomharc a chinneadh.

**Eager v An tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí**

Rinneadh gearán leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCAO) inar líomhnaíodh go raibh na critéir aoise is infheidhme i leith na hÍocaíochta Dífhostaíochta Paindéime (IDP) a íoc leithchealach agus contrártha do na hAchtanna um Stádas Comhionann. Fuair CCAO go raibh míbhrí ag baint leis an ngearán toisc go mbaineann an íocaíocht le díolúintí reachtúla in alt 14(10)(a) den Acht.

**Fox v an tAire Dlí agus Cirt, Éire & an tArd-Aighne**

Cás suntasach a bhí anseo inar bhreithnigh an Ard-Chúirt saincheisteanna nua den dlí bunreachtúil, is é sin cé acu a ghabhann nó nach ngabhann an ceart chun na beatha a ráthaítear le hAirteagal 40.3.2° ceart díorthaithe agus oibleagáid maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar bhásanna áirithe. Chuir an t-iarratasóir imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh ar bun inar féachadh le hiallach a chur ar an Aire Dlí agus Cirt dhá Choimisiún Imscrúdúcháin a bhunú i ndáil le ceisteanna a bhain le bás a uncail Seamus Ludlow, in 1976. Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach nach raibh aon oibleagáid bhunreachtúil ar an Stát imscrúdú a chur i gcrích.

**O'Callaghan v Éire agus an tArd-Aighne**

Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach go raibh an mhoill a tharla in ionchúiseamh chás an achomharcóra ina sárú ar a cheart bunreachtúil faoi Airteagal 38.1 den Bhunreacht. Fágann an breithiúnas seo nach mór don Stát a léiriú don CECD agus do Choiste Airí Chomhairle na hEorpa gur éirigh le héileamh faoin mBunreacht i leith sárú ar an gceart ar thriail laistigh de thréimhse réasúnach.

**An tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí v an Coimisiún um Chosaint Sonraí**

Tháinig an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí (CCS) ar chomhaontú maidir le próiseáil sonraí pearsanta i ndáil le clárú SAFE agus an Cárta Seirbhísí Poiblí (CSP). Thángthas ar an gcomhaontú seo i gcomhthéacs achomhairc a

rinne an Roinn in aghaidh fógra forfheidhmithe a d'eisigh CCS inar éilíodh ar an Roinn, mar chuid dá théarmaí, deireadh a chur leis an bpróiseáil sonraí pearsanta ar fad a cuireadh i gcrích chun críche clárú SAFE agus chun CSPanna a eisiúint seachas sa chás ina n-eisítear CSP i ndáil le duine atá ag éileamh sochar ar an Roinn, ag dul os comhair na Roinne ina leith nó ag fáil sochar uaithi. Mar thoradh ar an gcomhaontú, tharraing CCS a Fhógra Forfheidhmithe siar agus tharraing an Roinn a hachomharc siar.

**Zalewski v Oifigeach Breithniúcháin agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus an tArd-Aighne**

Lorg an t-iarratasóir orduithe go raibh forálacha éagsúla den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 contrártha don Bhunreacht agus chomh maith leis sin, gurb ionann cumhachtaí agus feidhmeanna Oifigeach Breithniúcháin den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus riaradh an cheartais laistigh de bhrí Airteagal 34 den Bhunreacht. Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach d'aon toil go raibh an t-oifigeach breithniúcháin i mbun riaradh an cheartais chun críocha Airteagal 34, mar sin féin, bhí na feidhmeanna a bhain leis ina bhfeidhmeanna teoranta, laistigh de bhrí Airteagal 37 den Bhunreacht, agus dá bhrí sin go raibh sé ceadaithe faoin mbunreacht iad a bhronnadh ar oifigeach breithniúcháin.

Mar sin féin, thug an Chúirt Dearbhú nach raibh s.41 (13) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, in éineacht le s.8 (6) den Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977, comhréireach leis an mBunreacht. Tugadh Dearbhú breise freisin inar cuireadh in iúl nach raibh an reachtaíocht comhréireach leis an mBunreacht de bhíthin uireasa foráil ar bith maidir le daoine a chur faoi mhionn nó deimhnithe nó foráil a dhéanamh do phionós as ucht fianaise bhréagach a thabhairt. Mar thoradh air sin, achtaíodh an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021 agus déantar foráil d'athruithe áirithe a dhéanamh ar nósanna imeachta an Choimisiúin um

Chaidreamh san Áit Oibre chun cinneadh na Cúirte Uachtaraí sa chás seo a chur san áireamh.

**S.G. (An Albáin) v. an tAire Dlí agus Cirt**

Bhain na himeachtaí seo le saincheist i ndáil le léirmhíniú reachtúil agus an cheist maidir le cé acu a bhí nó nach raibh feidhm ag s.26 ("Aisghairmeacha agus ionadaíochtaí") nó s. 27 ("Éifeacht na haisghairme ar an achtú") den Acht Léiriúcháin, 2005, i gcás an Iarratasóra.

Rinneadh foráil in alt 3 den Acht Inimirce, 1999, i ndáil le hordú díbeartha a bheith á dhéanamh ag an Aire faoi réir an toirmisc ar *refoulement* in alt 5 d'Acht na nDídeanaithe, 1996. Le halt 6 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, aisghaireadh s. 5 den Acht 1996 le héifeacht ón 31 Nollaig 2016.

Rinneadh Ordú Díbeartha in aghaidh an Iarratasóra i mí Eanáir 2017, a ndearna an tIarratasóir agóid ina aghaidh ar an mbunús gur luadh leis an Ordú go raibh sé faoi réir s. 5 den Acht 1996 (a aisghaireadh de réir mar atá leagtha amach thuas).

I mí an Mhárta 2021 fuair an Ard-Chúirt gur tionscnaíodh ceart an Iarratasóra an cheist maidir le *refoulement* faoi s. 5 a bhreithniú i ndiaidh don Aire moladh a dhéanamh díbirt roimh an 31 Nollaig 2016. Maidir leis an gceist i ndáil leis an dlí a léirmhíniú, bhí an Chúirt sásta go raibh an tOrdú bailí agus go raibh an tagairt i ndáil le s. 5 ceart cé nach raibh an tOrdú Díbeartha déanta go dtí an 13 Eanáir 2017.

**K.G, K.J.S. agus E.G. (naíonán ag tabhairt cás dlí lena mháthair agus trína mháthair agus neaschara K.J.S.) –v- an tAire Dlí agus Cirt agus Chomhionannais [2021] IECA 242**

Cuireadh cead mic léinn an Iarratasóra a luadh ar an gcéad dul síos ar ceal toisc nach raibh sé ag freastal ar a chúrsa. Níor fhág sé an Stát agus eisíodh Ordú Díbeartha. I ndiaidh é a ghabháil, d’eisigh sé imeachtaí inar lorgaíodh, inter alia, aisghairm an Orduithe Díbeartha.

I ndiaidh na himeachtaí a eisiúint, gheall an tAire gan an tIarratasóir a dhíbirt. Rinneadh iarratas an Iarratasóra go gcaithfí leis mar bhall teaghlaigh ceadaithe a phróiseáil agus a bhronnadh agus aisghaireadh an tOrdú Díbeartha. Cuireadh an Ard-Chúirt ar an eolas faoin toradh seo agus léiríodh na himeachtaí a bheith neamhábhartha seachas maidir le costais.

In achomharc ina aghaidh cinnidh maidir le costais ón Ard-Chúirt, mhaígh na hAchomharcóirí gurbh é athrú sheasamh an Aire an eachtra a bhí ina cúis leis na himeachtaí a bheith neamhábhartha; agus gur chóir an tOrdú Costais a dhéanamh in aghaidh an Aire.

Chinn an Chúirt Achomhairc i bhfabhar an Aire nach raibh aon nasc cúisíoch idir na himeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnaigh a thabhairt agus an cinneadh a léirigh na himeachtaí bheith neamhábhartha agus bronnadh costais an Achomhairc ar an Aire.

Déileálann an Rannóg um Dhlíthíocht Ghinearálta le héilimh i dtort ina lorgaíonn gearánaithe go príomha damáistí i leith (inter alia) faillí, sárú dualgais (dualgas reachtúil san áireamh), sárú ar chearta bunreachtúla, díobháil phearsanta agus sárú ar chearta Coinbhinsiúin. Áirítear leis na héilimh: éilimh neamhtharmligthe ar dhíobháil phearsanta, Clúmhilleadh (seachas éilimh Garda); Coinneáil neamhdhleathach, Cion;

Ionsaithe ó oifigigh Príosúin, sáruithe ar GDPR, Éilimh de bhun S3A ECHR, Achomhairc Hep C (cásanna atá an-íogair), éilimh i ndáil le moill ar chosaint choimhdeach a dheonú, Follasú neamhpháirtí. Le linn 2021 tháinig méadú ar éilimh i ndáil le sárú ar shonraí sa Rannóg seo.

Déanann an Rannóg ionadaíocht ar Rialtas Láir agus ar ghníomhaireachtaí Stáit eile ar nós na Seirbhíse Cúirteanna, i gcásanna de choinneáil neamhdhleathach; Cláraitheoirí Contae ina gcáil mar fho-shirriam agus iarratasóirí i ndáil le follasú neamhpháirtí, ba é an t-iarratas i ndáil le follasú neamhpháirtí ba shuntasaí le linn 2021 ná iarratas inar ghníomhaigh an Rannóg thar ceann na Roinne Iompair, agus bhí an cás substainteach roimh an gcúirt tráchtála.

Chomh maith leis sin, gníomhaíonn an Rannóg don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i gcásanna éagsúla lena n-áirítear éilimh i leith bulaíocht agus ciapadh (a cuireadh i bhfeidhm roimh 2017) in aghaidh Ranna Rialtais, éilimh ó Óglaigh na hÉireann ag fónamh thar lear.

## I bhfianaise ár ról méadaithe i ndiaidh an Bhreatimeachta, seirbhís dlí AE feabhsaithe a chur ar fáil dár gcliaint

Príomhghné de bhallraíocht san AE is ea gur ó dhlíthe a rinne na hinstitiúidí AE a thagann i ndáiríre sciar suntasach de dhlíthe an Stáit. Teastaíonn sciar mór den reachtaíocht sin a thrasuí ina dhlí intíre agus is minic a bhíonn sé ina chúis le saincheisteanna dlí agus bunreachtúla le linn trasuíomh dá leithéid. Tá sé seo sa bhreis ar na saincheisteanna comhairleacha a thagann chun cinn le linn beart a shocrú sa Bhruiséil le linn ceisteanna a bhreithniú, lena n-áirítear cé acu a bhféadfadh nó nach bhféadfadh athruithe suntasacha a dhéanamh sa dlí intíre a bheith de dhíth, saincheisteanna maidir le tábhacht bhunreachtúil, éifeachtaí ar phróisis dlí intíre agus ceisteanna beartais agus dlí d’fhonn comhairle chuí a thabhairt maidir le cruth agus

riocht deiridh an bhirt Aontais atá molta d'fhonn coimhlintí le dlí náisiúnta a sheachaint.

Maidir le himeacht na RA as an Aontas Eorpach, tá stát ag imeacht a bhfuil an dearcadh céanna aige ó thaobh earnálacha de tríd is tríd ar minic a raibh leasanna na hÉireann báúil nó ailínithe leis fiú. Thar aon ní eile, baineann sé sin lenár stair chomhroinnte, ár n-oidhreacht dlí choiteann agus ár rannpháirtíocht chomhroinnte sa Chomhlimistéar Taistil. Tá an Oifig ar an eolas faoin riachtanas seirbhísí comhairleacha dlí a chur ar fáil go lárnach do Ranna cliaint atá i mbun idirbheartaíocht a dhéanamh i ndáil le dlíthe an Aontais sa Chomhairle Eorpach.

Tá ról na hOifige maidir le reachtaíocht Eorpach agus intíre araon ina ghné ríthábhacht dá cuid oibre. Cé go bhfuil éifeacht dhíreach ag roinnt reachtaíochta AE agus dá bhrí sin, nach mbíonn sé riachtanach i gcónaí bearta AE a thabhairt isteach i ndlí na hÉireann, ní mór treoracha, atá ina gcuid thábhachtach de reachtaíocht AE, a chur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann trí reachtaíocht intíre. Ar an mbonn sin, is gá a chinntiú go dtrasuitear treoracha ar bhealach ina gcloítear go hiomlán le riachtanais dlí AE agus cuireann ODP seirbhís dréachtaithe ar fáil do Ranna cliaint i ndáil leis sin.

Iarmhairt eile a bhaineann le himeacht na RA as an AE is ea go bhfuil straitéis feabhsaithe ag teastáil maidir leis an uair ina n-idirghabhann an Stát in Réamhthagairtí d'Airteagal 267 CFAE (ceisteanna a tharchuireann cúirteanna náisiúnta chuig an gCúirt Bhreithiúnais (CBAE) maidir leis an mbealach chun brí a bhaint as dlíthe an Aontais a bhíonn míshoiléir go minic). I bhfianaise an chorpais dlí réadúil atá ag teacht chun cinn agus ag fás a fhorbraíonn agus a dhéanann an Chúirt i Lucsamburg, chuir an Oifig modhanna san áireamh chun bheith níos réamhghníomhaí maidir le hidirghabháil a dhéanamh i dtagairtí dá leithéid d'fhonn cúnamh a thabhairt do CBAE léirmhíniú dlí an Aontais a threorú agus tionchar a imirt

air. Mar a luadh thuas, d'fhéadfadh sé seo a bheith ag déanamh talamh slán de thábhacht níos mó i bhfianaise ár n-oidhreacht i ndlí choiteann agus feidhmiú Prótacail CFAE a bhaineann le hÉirinn (19-21) maidir le rannpháirtíocht na hÉireann i ndlíthe an Aontais i dtaobh Schengen, an Comhlimistéar Taistil agus an réimse maidir le Saoirse, Slándáil agus Ceart.

Ar obair chomhairliúcháin, áiríodh comhairle a chur ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt /An Garda Síochána maidir le roinnt saincheisteanna a tháinig chun cinn roimh "cur i bhfeidhm" in Éirinn an Chóras Faisnéise Schengen ar fud an AE – "SIS II" – lenar áiríodh comhairle a chur ar fáil faoi mar a bhféadfaí gnéithe áirithe den chóras a chur ag obair gan bunús reachtach a bheith riachtanach. Áiríodh le comhairle a cuireadh ar fáil don Roinn Gnóthaí Eachtracha sraith comhairle faoi mar a bhféadfaí Éire socruithe eiseachadta a thabhairt chun críche le tíortha neamh-AE, amhail Ceanada agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, nuair nach bhfuil aon chomhaontú déthaobhach reatha ná aon bhunús eile i ndáil le heiseachadadh i gceist. Cuireadh comhairle ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt maidir le sáruithe arna mbagairt ("Litir Fógra Foirmiúil") in aghaidh na hÉireann i ngeall ar mhainneachtain éifeacht cheart a thabhairt don Chreat-Chinneadh i ndáil le BGE, lena n-áirítear comhairle maidir le straitéis agus freagraí cuí a thabhairt do Choimisiún an AE. Cuireadh roinnt comhairle éagsúil ar fáil maidir le "glacadh" na hÉireann le bearta molta AE de bhun Phrótacal 21 CFAE. Díríodh níos mó ar sheasamh na hÉireann maidir le Prótacal 21 CFAE agus rogha an stáit glacadh le bearta arna moladh ag an Aontas agus páirt a ghlacadh iontu i Réimse na Saoirse, Slándála agus Ceartais sa bhliain 2021 agus gan bheith ag féachaint go simplí do tharraingt siar na RA as an Aontas. Cuireadh comhairle maidir le saincheisteanna éagsúla a bhain leis an bPrótacal ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt le linn na bliana 2021.

**Samplaí d'imeachtaí a bhí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in 2021**

**Eiseachadadh agus an Barántas Gabhála Eorpach (BGE)**

Bhí iarratais i ndáil le Barántas Gabhála Eorpach (BGE) ón bPolainn, lena n-áirítear iarratas i ndáil le *Wojciech Orlowski*, ina gcúis le comhairle a chur ar fáil i gcónaí, lena n-áirítear comhairle maidir le hidirghabháil a dhéanamh i dtagairtí gaolmhara Airteagal 267 CFAE do CBAE, maidir le cé acu a chruthaíonn nó nach gcruthaíonn athruithe i ndlí na Polainne a bhaineann leis na breithiúna agus na cúirteanna bacainní maidir le 'Riail an Dlí' i ndáil le tabhairt suas don Pholainn, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cliseadh tromchúiseach an chórais BGE.

In 2021, rinne Éire idirghabháil i líon réamhthagairtí don CBAE a bhain le coinneáil sonraí d'fhonn cumas an Stáit a chaomhnú i ndáil le coireacht thromchúiseach a bhrath agus a imscrúdú go cuí lena n-áirítear ***HK Prokuratuur*** **(C-746/18),** *VD* **(C-339/20)** agus ***SpaceNet*** **(C-799/19)**. Éisteadh an tagairt dheireanach i gcomhpháirt i Mór-Dhlísheomra na Cúirte Breithiúnais agus an tagairt á déanamh ag an gCúirt Uachtarach de bhun agóid i gcoinne an Achta Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011, a tugadh in ***Dwyer v Coimisinéir an Gharda Síochána & Ors***. (*GD* (**C-140/20**)). Ar an dóigh chéanna, rinne Éire idirghabháil i réamhthagairtí a bhain leis an Treoir maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí.

**Tuairim 1/19 -Aontachas AE le Coinbhinsiún Iostanbúl**

Chuir Parlaimint na hEorpa iarraidh isteach ar thuairim i ndáil leis an Aontas Eorpach ag cur Coinbhinsiún Iostanbúl i gcrích maidir le foréigean in aghaidh ban agus foréigean baile a chosc agus troid ina gcoinne. Bhí an cinneadh sínithe deighilte ina dhá chinneadh ar leith lena chur san áireamh nach nglacann Éire, faoi Phrótacal 21, páirt i gceisteanna áirithe i ndáil le Ceartas a riar. Dhearbhaigh an Chúirt go dtugann Prótacail 21 agus 22 (An Danmhairg) údar leis an ngníomh ina dtugtar an Coinbhinsiún chun críche in dhá chinneadh. Ba é an dara saincheist a bhí i gceist ná

an bunús dlí a bhí ag an Aontas clárú leis an gCoinbhinsiún cibé a cheadaíonn nó a éilíonn Conarthaí ar an gComhairle fanacht ar 'comhaontú coiteann' (i.e. aontoilíocht) i measc na mBallstát sula ndéantar an Coinbhinsiún a thabhairt chun críche. Dhearbhaigh CBAE nach raibh comhaontú coiteann ag teastáil ach níor chuir aon ní bac ar an gComhairle fanacht ar chomhaontú coiteann dá leithéid sula nglacfaí leis an gcinneadh.

**C-64/20 UH -v- An tAire Talmhaíochta Bia agus Mara, Éire Agus an tArd-Aighne**

Tagairt ó Ard-Chúirt na hÉireann chuig CBAE a bhain le lipéadú táirgí tréidliachta áirithe a bheith i mBéarla amháin agus gan an dá theanga oifigiúla bheith ar an lipéadú. Dhearbhaigh an Ard-Chúirt go raibh sé seo ag sárú dhlí an AE ach cheistigh an Chúirt an bhféadfaí neamhaird a thabhairt air seo i bhfianaise go raibh Rialachán leasaitheach le teacht i bhfeidhm ón 22 Eanáir 2022 lena gceadófaí úsáid a bhaint as teanga oifigiúil amháin.

Dhearbhaigh CBAE go gcoisctear ar chúirteanna náisiúnta neamhaird a thabhairt ar oibleagáidí maidir le treoir a thrasuí ar an bhforas go mbeadh an trasuí sin costasach nó nach mbeadh aon fheidhm leis mar gheall ar rialachán a bheith á chur i bhfeidhm go luath a bhfuil sé beartaithe ina leith teacht in ionad na treorach reatha. Is díol suntais é gurbh é seo an chéad chás a cuireadh i gcrích i nGaeilge roimh CBAE agus mar ba chuí, ba ar Lá Fhéile Pádraig a tugadh an breithiúnas. Cuireadh an cás i gcrích ar bhonn obair foirne idir an tOifigeach Dlí a dhéileálann le himeachtaí intíre agus le Rannóg Dlí an AE.

**C-77/20 KM -v- DPP**

Bhí an cás seo ina thagairt do CBAE ó Chúirt Achomhairc na hÉireann. Bhain sé le hionchúiseamh coiriúil maidir le cosaint iascaigh. Ba é an tsaincheist a cuireadh ar aghaidh chuig CBAE ná cé acu a bhí sé comhréireach nó nach raibh go mbeadh

coigistiú éigeantach iasc agus trealamh iascaireachta i gceist do chionta ar leith. Dhearbhaigh an Chúirt go raibh sé incheadaithe go ndéanfaí foráil sa reachtaíocht ní hamháin i leith fíneáil a ghearradh ach i leith forghéilleadh éigeantach gabhálacha éisc agus trealamh iascaireachta toirmiscthe nó neamhchomhlíontach freisin.

## Eolas cliant ar sheirbhísí na hOifige, agus teacht a bheith acu orthu, a fheabhsú

In ainneoin phaindéim Covid-19, lean an Oifig de theagmháil a dhéanamh ar bhonn réamhghníomhach le cliaint ar fud réimse reachtaíochta – a raibh práinn ag baint leis go minic nuair a bhain sé le freagra an Stáit i leith na paindéime agus i leith ceisteanna comhairleacha agus dlíthíochta freisin. Lean an Oifig de fhreastal ar na cruinnithe seo le Ranna agus Oifigí cliaint ar bhonn fíorúil.

Ghlac an Oifig páirt i líon grúpaí agus fóraim Idir-Rannacha go rialta agus go gníomhach. Áirítear leo sin an Grúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach, a bunaíodh in 2021, agus an Grúpa Athbhreithnithe um Dhlí na gCuideachtaí, lena n-áirítear, sa chás deireanach, páirt a ghlacadh i gcríochnú a Thuarascála maidir leis na hIarmhairtí a bhaineann le Cleachtais Leachtaithe agus Athstruchtúraithe Corparáideacha Áirithe. Chomh maith leis sin, déantar ionadaíocht ar an Oifig ar Ghrúpa Oibre a chuimsíonn ionadaithe ó ar fud an Rialtais agus ó bhaill den phobal LGBTQI+. Tá an Grúpa Oibre seo, a bunaíodh in 2021, ag déanamh iniúchadh ar an mbealach is fearr scéim a leagan amach ina bhféadfaí taifid choiriúla ar chiontuithe stairiúla áirithe a scriosadh/neamhaird a thabhairt orthu a cuireadh i bhfeidhm faoi reachtanna ina ndearnadh coir as gníomhartha gnéis comhthoiliúla idir fir. Tá an Grúpa Oibre ag súil lena chuid oibre a chur i gcrích in 2022.

Trí rannpháirtíocht ghníomhach den chineál seo, cuireadh deis ar fáil comhairle a thabhairt go mear de bhreis ar infheictheacht agus próifíl na hOifige a fheabhsú ar trí

sin a bhuntacaítear tuilleadh leis an ról bunreachtúil a chuireann an tArd-Aighne agus a bhaill foirne i gcrích ar fud trí Oifig a dhéanann éascaíocht ar an bhfeidhm sin.

## Coincheap maidir leis an Stát a bheith ina "Dlíthí Eiseamláireach" a chur chun cinn

In 2021, lean OPAS de bhainistíocht cáis a chur ar fáil trí réiteach díospóide luath i ndlíthíocht agus trí nósanna imeachta seanbhunaithe chun déileáil le dlíthíocht ilchliaint d'fhonn orduithe tráthúla a chinntiú.

Trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, neartaigh OPAS nósanna imeachta agus próisis trí athbhreithnithe iar-ghníomhaíochta, aiseolas agus comhairle do chliaint d'fhonn agóidí dlí nóis imeachta neamhriachtanacha i leith gnó an Rialtais a laghdú.

Le linn 2022, déanfaidh an Oifig iniúchadh ar an scóip chun an coincheap maidir le Dlíthí Eiseamláireach a chur chun cinn tuilleadh i measc a cliant.

# Sprioc Straitéiseach 2: Caidrimh a Fhorbairt

## An bealach ina n-oibrímid agus ina soláthraímid ár seirbhísí a fheabhsú trí chaidrimh mhaithe a fhorbairt go hinmheánach agus go seachtrach araon

Tuairisciú ar Sprioc Straitéiseach 2 de chuid an Ráitis Straitéise

### Naisc níos láidre lenár gcliaint agus páirtithe leasmhara a fhorbairt

Le linn 2021, rinne an Oifig cumarsáid struchtúrtha le Ranna agus Oifigí cliaint agus tionóladh cruinnithe go rialta le cliaint bharrthábhachtacha (i dteannta comhairliúcháin agus cruinnithe maidir le saincheisteanna áirithe).

Bhí ról ag Abhcóidí Comhairleacha i gcúrsaí dlíthíochta trí mhionanailís dlí a chur ar fáil agus rinneadh comhairle ó dhlíodóirí seachtracha a athbhreithniú ó thaobh dearcadh uile-Rialtais de, agus comhairle agus eolas á thabhairt don Ard-Aighne de réir mar ba chuí. Glacadh cur chuige straitéiseach i leith saincheisteanna dlí, lena n-áirítear idirghabháil a dhéanamh i gcásanna áirithe, i ndáil le réimsí na dlíthíochta, an dlí comhshaoil, bearta fostaíochta agus araíonachta inar tháinig an tsaincheist chéanna chun cinn in go leor cásanna. Chomh maith leis sin, d'aithin Abhcóidí Comhairleacha saincheisteanna dlí atá tagtha chun cinn ina bhféadfaí tairbhe a bhaint as réiteach reachtach ina leith.

Ról suntasach agus dian de chuid na nAbhcóidí Comhairleacha ab ea breathnóireachtaí dlí a ullmhú agus ionchur a lorg ón Aird-Aighne maidir le Cinn Scéimeanna Ginearálta. Breithníodh saincheisteanna Bunreachtúla, AE, CECD agus beartais dlí agus bhí tuiscint agus eolas na nAbhcóidí Comhairleacha maidir leis an tseirbhís phoiblí, an próiseas reachtach, an córas dlí agus cásdlí sna réimsí ar leith ina

ngnéithe bunriachtanacha d'ionchur na nAbhcóidí Comhairleacha. Chomh maith leis sin, ghlac Dréachtóirí Parlaiminte páirt trí bhreathnóireachtaí maidir le Cinn Scéim Ghinearálta a chur ar fáil d'Abhcóidí Comhairleacha d'fhonn bheith ag coinne le haon saincheisteanna dlí nó dréachtaithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn Bille a dhréachtú.

Tar éis Chinneadh an Rialtais a dhéanamh maidir le Bille a dhréachtú, d'ardaigh Dréachtóirí Parlaiminte saincheisteanna dlí go tráthrialta lena mbreithniú ag Abhcóidí Comhairleacha agus is minic go raibh na saincheisteanna sin de chineál thar a bheith casta agus nuálach. Rinne Abhcóidí Comhairleacha, agus Dréachtóirí Parlaiminte nuair ba chuí, aighneachtaí dlí chuig an Ard-Aighne nuair a bhí a thuairim maidir le saincheisteanna ag teastáil.

Leanadh de réimsí dlí nua agus atá ag teach chun cinn a shainaithint, agus rinneadh faireachán orthu i gcomhar le Ranna agus rinneadh an saineolas sna réimsí sin a fhorbairt tuilleadh. Tá an ghéarchéim Covid-19, Breatimeacht, an t-idirlíon, na meáin shóisialta agus cosaint sonraí, agus coimeád agus comhroinnt sonraí i measc na samplaí de réimsí inar tháinig saincheisteanna nuálacha gan fasach chun cinn i ndáil le dlí an Aontais Eorpaigh agus i ndáil le dlí na hÉireann.

Déanann gach rannán agus rannóg laistigh de OPAS glaonna/cruinnithe rialta le cliaint lárnacha ar trí sin a chumasaítear OPAS tuiscint a fháil ar oibriú inmheánach, cuspóirí beartais, tosaíochtaí cliant, dúshláin bharrthábhachtacha agus baic fhéideartha atá ina gcúis le plé a dhéanamh maidir le straitéis, creataí ama réalaíocha, acmhainní a fháil agus na chéad ghníomhartha/chéimeanna eile atá le glacadh. Chomh maith leis sin, fuair cliaint tuiscint ar an mbealach ina n-oibríonn OPAS, ar na Rannóga éagsúla agus na cineálacha oibre laistigh de na Rannóga sin, an bealach is fearr dul i dteagmháil, treoracha iomlána agus críochnaithe a chur ar fáil trí bhileoga

foirme treoracha comhaontaithe agus feasacht agus tuiscint níos fearr ar na riachtanais bharrthábhachtacha.

**Caidreamh le Cliaint**

**Oiliúint Saoránachta**

I mí an Mheithimh 2021, i ndiaidh cuireadh a fháil ó Aonad Saoránachta na Roinne Dlí agus Cirt, reáchtáil an Oifig sraith oiliúna d'oifigigh maidir le saincheisteanna dlí. Próiseálann an tAonad seo líon mór iarratas ar shaoránacht trí eadóirsiú agus ba é cuspóir na seisiún oiliúint a chur ar fáil d'oifigigh na Roinne maidir leis an dlí is infheidhme. Bhí oiliúint maidir le dlí saoránachta na hÉireann agus oiliúint shaincheaptha i ndáil le réimsí eile i gceist leis na seisiúin. Chuir an oiliúint ar chumas na hOifige oibriú go díreach le hoifigigh na Roinne Dlí agus Cirt chun oiliúint a leagan amach agus a chur ar fáil agus aghaidh a thabhairt ar bhonn réamhghníomhach ar aon saincheisteanna dlí a d'fhéadfadh bheith i gceist. Ba léir ón aiseolas dearfach agus rannpháirtíocht ard na n-oifigeach gur comhlíonadh riachtanas aitheanta agus cuireadh tuilleadh leis na caidrimh oibre reatha idir an Oifig agus na hoifigigh.

**Smachtbhannaí**

Ghlac Abhcóidí Comhairleacha páirt sa Choiste Tras-Rannach um Smachtbhannaí a Chur i bhFeidhm (CTRSCF), ar a ndéanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha cathaoirleacht, a chomhordaíonn bearta sriantacha AE a chur i bhfeidhm sa Stát. Chomh maith leis sin, ghlac Abhcóidí Comhairleacha páirt sa Ghrúpa Oibre Idir-Rannach maidir le Bearta Sriantacha a Chur i bhFeidhm, a bhí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais reatha i ndáil le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú intíre smachtbhannaí in Éirinn; chun aon fheabhsuithe riaracháin agus/nó reachtaíochta féideartha a aithint, go háirithe maidir le cumhachtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe agus bunú tráthúil pionóis chuí i leith sáruithe ar smachtbhannaí; agus chun moltaí a thabhairt ina leith sin, mar aon le moltaí a thabhairt maidir leis na

socruithe agus struchtúir fhadtéarmacha is fearr chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú intíre éifeachtach smachtbhannaí a chinntiú.

Bhí teagmhálaí lárnach an Líonra Caidrimh le Cliaint ina chuidiú i ndáil le héascaíocht a dhéanamh ar fhócas níos mó ar threochtaí agus forbairt straitéise.

Mar chuid d’oibleagáidí soláthair seirbhíse na hOifige in 2021, rinneadh an coiste um chaighdeáin na treoirlínte cleachtais inmheánacha ar fad d’oifigigh Dlí a athbhreithniú agus tabharfaidh siad chun críche iad (in 2022) agus chruthaigh siad treoir follasaithe inmheánach chuimsitheach mar chuid dá gcuid oibre.
Cheap gach Rannán agus rannóg laistigh de OPAS baill foirne mar Oifigigh Caidrimh le Cliaint – an Líonra OCC – chun caidreamh le cliaint a bhainistiú agus a éascú, ord tosaíochta oibre agus comhoibriú le comhghleacaithe maidir le dearcadh domhanda ar cheisteanna cliaint ar fud OPAS a fheabhsú.

Chomh maith leis sin, tá an Líonra OCC nasctha le bainisteoir grúpa Iasachta OAA d’fhonn tacaíochtaí a chur ar fáil, go háirithe i ndáil le soláthar fíorúil agus feasacht chonarthach a chur ar fáil. Maidir le réimsí tacaíochta comhairle dlí ina bhféadfadh sé nach bhfuil caidreamh buan leanúnach ar fud srutha oibre ar fáil, tacaíonn an Líonra OCC le cuidiú le Cliaint teacht a bheith acu ar an gcomhairle chuí.

Trí rannpháirtíocht leanúnach le Cliaint, cuirtear ar chumas OPAS tuiscint a fháil ar oibriú inmheánach, cuspóirí beartais, tosaíochtaí cliant, dúshláin bharrthábhachtacha agus baic fhéideartha atá ina gcúis le plé a dhéanamh maidir le straitéis, creataí ama réalaíocha, acmhainní a fháil agus na chéad ghníomhartha/chéimeanna eile atá le glacadh.

**Rannán an Dlí Riaracháin**

Bhí tionchar mór ag Covid-19 ar obair na Rannóige Athbhreithnithe Breithiúnaigh (AB). I gcaitheamh na bliana d'oscail an Rannóg AB 58 comhad maidir le Covid. Ar an 58 comhad a osclaíodh, bhain 43 cinn le cásanna maidir le Coraintín Éigeantach in Óstán (CEO).

Tá ról ag an Rannóg Athbhreithnithe Breithiúnaigh i gcónaí ar an bhfóram Pleanála/Comhshaoil a bhunaigh an Rannóg in 2018 agus tá sé beartaithe ag an Rannóg éascaíocht a dhéanamh ar chruinnithe den fhóram in 2022.

Tá sé mar aidhm ag an nGrúpa Úsáideoirí um Sheirbhís do Chustaiméirí na nUaschúirteanna (an Grúpa Úsáideoirí Sibhialta roimhe seo) tacú leis na Breithiúna agus seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil d'úsáideoirí ar fad na gcúirteanna, ar trí sin a dhéantar éascaíocht ar rochtain ar cheartas. Tionóladh an Grúpa gach ráithe le linn 2021 chun plé a dhéanamh ar straitéis agus beartas maidir le forbairtí nua ina gcéimeanna tosaigh nó deiridh nuair atá beartais á leathadh amach ina bhfuil béim láidir ar sheirbhís do chustaiméirí. Cuimsíonn an Grúpa ionadaithe bainistíochta ó dlínsí cúirte éagsúla agus comhaltaí seachtracha ar leith.

In 2021, bhí caidreamh le cliaint ina thosaíocht bharrthábhachtach sa rannóg um Inimirce agus Thearmann (I&T) agus bhí rannpháirtíocht dhearfach idir an fhoireann dlí um Inimirce agus Tearmann agus an cliant treorach i gcaitheamh na bliana.

**Grúpa Páirtithe Leasmhara Airteagal 40**

Bunaíodh grúpa Páirtithe Leasmhara Airteagal 40 chun na saincheisteanna is coitianta a aithint atá ina gcúis le hiarrataí Airteagal 40 agus a fháil amach cén bearta feabhais is féidir a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo. Glacann rannóga dlíthíochta in OPAS ról gníomhach sna cruinnithe démhíosúla le hOifig an Ard-Aighne, Oifig Phríomh-Ionchúisimh an Stáit, an Roinn Dlí agus Cirt, an

tSeirbhís Cúirteanna, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

**An Rannán Comhairleach**

Tionólann bainistíocht an Rannóg um Chonarthaí Tráchtála in OPAS cruinnithe maidir le próiseas oibre gach coicís leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun gach ceist leanúnach a phlé. In 2021, lean an Rannóg um Chonarthaí Tráchtála in OPAS d'oiliúint fhíorúil a chur ar fáil dá cliaint ar lena linn a cuireadh 11 seisiúin máistir-ranga & C&F fíorúil maidir le soláthar poiblí ar fáil don Oifig um Sholáthar Rialtais ar fhreastail breis agus 100 baill foirne OSR orthu. Chomh maith leis sin, chuir dlíodóirí Conarthaí Tráchtála oiliúint shaincheaptha ar fáil maidir le soláthar poiblí agus cosaint sonraí do roinnt Ranna Lárnacha den Rialtas.

**Ceartas & Coireacht**

Tá dúshláin leanúnacha roimh an Rannán Ceartais agus Coireachta OPAS maidir leis an gcaidreamh dlíthiúil nua leis an RA i ndáil le heiseachadadh agus cúnamh dlí coiriúil frithpháirteach a chomhlíonadh. In 2021, theastaigh rannpháirtíocht leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Dréachtóirí Parlaiminte ina leith seo maidir le Bille nua a dhréachtú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn ó Imeachtaí an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Sáruithe i ndáil le mainneachtain an creat-chinneadh i leith Barántais Ghabhála Eorpacha ina gcuirtear peirspictíocht an dlíthí i bhfeidhm a thrasuí.

Rinneadh bainistiú rathúil ar líon iarrataí eiseachadta neamh-AE, lena n-áirítear iarrataí ó SAM do *Majken Wadum* as ucht fuadach idirnáisiúnta leanaí, agus *Martin Jude Wall* as ucht cionta drochúsáide leanaí ar líne.

**Rannóg Dlíthíochta an Gharda**

Ghlac ionadaithe ó Rannóg Dlíthíochta an Gharda in OPAS páirt sa ghrúpa oibre maidir le Bille an Gharda Síochána (Cúiteamh) nua den Roinn Dlí agus Cirt agus leanann siad de chuidiú leis an ngrúpa oibre an tionscadal seo a bhaint amach.

**Maoin Stáit**

Tá líon aturnaetha ar fud Rannán Maoine Stáit OPAS tiomnaithe do shainréimsí oibre maidir le Maoin Stáit (lena n-áirítear réadmhaoin mhuirí agus urthrá, mhaoiniú caipitil spóirt agus maoin na Roinne Cosanta) agus oibríonn siad i ndlúthchomhar leis na Ranna cliaint ábhartha. Chomh maith leis sin, chuir OPAS oiliúint shaincheaptha ar fáil do Ranna agus Oifigí cliaint chun an t-ardán eolais a ardú.

**Dlíthíocht Ghinearálta**

Thionól an rannóg um Dhlíthíocht Ghinearálta in OPAS cruinnithe Rannóige Ráithiúla le Gníomhartha Dlí an Gharda in 2021 agus ullmhaíodh doiciméad oibre a comhroinneadh le LSSU, An Roinn Dlí agus Cirt agus OAA i ndáil le cásanna iomlánacha a bhaineann le moilleanna in iarrataí ar chosaint choimhdeach a phróiseáil.

In 2021, ceapadh Aturnae Stáit mar phointe teagmhála don Roinn Sláinte i ndáil le hAchomhairc Heipitítis C agus oibríonn sé i ndlúthchomhar leis an aonad fola sa Roinn.

## An t-ardán eolais a ardú dár gcliaint

**rLRÉ**

**Ríomhleabhar Reachtaíochta na hÉireann (rLRÉ)**

Déanann Grúpa rLRÉ na hOifige formhaoirseacht ar ullmhú, ar bhainistíocht agus ar uasdátú leanúnach ríomhLeabhar Reachtanna na hÉireann (rLRÉ) agus rinne sé obair shuntasach sa bhliain 2021 maidir leis an gclár oibre r-Rialtais. Is é atá in rLRÉ ná

taisclann ar líne reachtaíochta príomha agus reachtaíochta tánaistí a uasdátaítear go tráthrialta agus atá ar fáil saor in aisce ag an bpobal tríd an láithreán gréasáin www.irishstatutebook.ie. Chomh maith leis sin, déantar Eolaire Reachtaíochta d'Achtanna (ó 1922 go 2021) agus ionstraimí reachtúla/rialacha reachtúla agus orduithe (ó 1931 go 2021) a fhoilsiú agus a nuashonrú, ina gcuirtear ar chumas úsáideoirí rLRÉ a fháil amach ar leasaíodh aon fhoráil reachtúil ar leith, nó an ndearnadh difear, ar shlí eile, d'aon fhoráil reachtach ar leith, ón tráth ar achtaíodh nó a ndearnadh í.

Tá téacs iomlán an Bhunreachta, mar aon le naisc le hAchtanna leasaitheacha, foilsithe ar rLRÉ freisin. Leanann rLRÉ de naisc dhíreacha a chur ar fáil ó (a) Achtanna go hAchtanna Leasaithe (is é sin, leaganacha comhdhlúite neamhoifigiúla riaracháin atá tiomsaithe ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí) má bhíonn siad ar fáil agus (b) ó Acht don Bhille ábhartha atá ar láithreán gréasáin Thithe an Oireachtais. I gcomhréir le prionsabal na sonraí oscailte, lean rLRÉ de shonraí maidir le reachtaíocht phríomha a chur ar fáil i bhformáid XML.

In 2021, cuireadh tionscadal teicniúil i bhfeidhm chun síneadh a chur le prótacal líonra an rLRé chun socrú a dhéanamh do thrácht criptithe (HTTPS).

**Aitheantóir Eorpach Reachtaíochta (AER)**

Sa bhliain 2021, lean an Oifig den Aitheantóir Eorpach Reachtaíochta (AER) a chur i bhfeidhm trí bhíthin an rLRÉ. Mar thoradh ar an AER, tá sé de cheangal ar Bhallstáit AE úsáid a bhaint as aitheantas caighdeánach ar líne reachtaíochta agus as airíonna meiteashonraí chun cur síos a dhéanamh ar gach acmhainn dlí ionas go gcumasófar cuardach éifeachtach atá áisiúil don úsáideoir agus níos tapa agus go gcumasófar malartú faisnéise dlí.

## Teagmháil luath le cliaint a chur chun cinn

Rinneadh éascaíocht air seo trí theagmháil agus rannpháirtíocht na nAbhcóidí Comhairleacha ar Ghrúpaí Oibre Idir-Rannacha i réimsí earnála éagsúla.

Tríd na Seirbhísí Aturnae ar fad a chur ar fáil do Ranna agus Oifigí cliaint, chinntigh OPAS go raibh cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach i gceist agus go háirithe:

- ceapadh baill foirne i ngach Rannán agus rannóg in OPAS ina n-oifigeach ainmnithe caidreamh cliaint d'fhonn feabhas a chur ar bhainistiú agus éascú caidreamh cliaint, tosaíochtaí oibre agus comhoibriú le comhghleacaithe ar léargas domhanda na n-ábhar a bhaineann le cliaint ar fud OPAS
- bhí OPAS i dteagmháil go tráthrialta leis na príomhchliaint chun athbhreithniú a dhéanamh ar nithe leanúnacha agus chun pleanáil straitéiseach a dhéanamh i gcomhair tionscadail a bheadh ag teacht chun cinn agus bhuail siad go tráthrialta le hoifigigh threoracha agus le hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht, de réir mar ba ghá, i Ranna cliaint i rith na bliana
- Déanann OPAS iarracht comhaid nua a oscailt laistigh de 24 uair ar sheirbheáil imeachtaí nó litir réamhdhlíthíochta ar an rannóg (de ghnáth, osclaítear comhaid laistigh d'uair ar fhógra a fháil). Déanaimid iarracht teagmháil láithreach a dhéanamh lenár gcliaint i ndiaidh comhad a oscailt d'fhonn treoracha a lorg ón gcliaint go tráthúil agus moill a laghdú maidir le hiarrataí a shocrú, nuair is cuí, ag céim luath agus trí sin a dhéanamh, costais a laghdú don chliant. Nuair atáthar ag cur in aghaidh cásanna, déanaimid iarracht páipéir an fhreasúra a chomhdú ag an dáta is luaithe agus is féidir. Maidir le ceisteanna idirbheartaíochta, tá líon prótacal i bhfeidhm ag OPAS le cliaint áirithe bharrthábhachtacha ina dtugtar mionsonraí faoi mar a chuirtear ceisteanna chun cinn.

## Naisc le hAbhcóidí Comhairleacha agus Aturnaetha Stáit ar iasacht a neartú.

Leantar den Chlár Iasachta a mhéadú ar fud go leor Ranna agus thacaigh an Oifig le hAonaid Dlí i Ranna a mhéadú trí Abhcóidí Comhairleacha a bhfuil taithí acu a thabhairt ar iasacht chun na hAonaid Dlí inmheánacha sin a stiúradh agus a bhainistiú, ar nós na Roinne Coimirce Sóisialaí, na Roinne Leanaí agus na Roinne Fiontar in 2021.

Leantar de na naisc láidre leis na hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht agus leis na hAonaid Dlí i Ranna. Déanann Abhcóide Comhairleach ag an leibhéal Rúnaí Cúnta cathaoirleacht ar Scáthghrúpa Oibre ar Iasacht a chuir tacaíocht ar fáil don Abhcóide Comhairleach ar iasacht; d'eagraigh sé oiliúint agus forbairt maidir le réimsí a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo do dhlíodóirí inmheánacha an Rialtais; thacaigh sé le líonra na nAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht agus d'oibrigh sé leis; agus thuairiscigh sé go rialta do Choiste Bainistíochta na hOifige. Chas grúpaí d'Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht leis an Ard-Aighne i gcaitheamh na bliana chun feidhmiú an chláir iasachta a phlé. Chas an tArd-Stiúrthóir le hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht go tréimhsiúil, mar aon leis an Abhcóide Comhairleach a dhéanann maoirseacht ar an gclár iasachta.

D'fhreastail Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht ar chruinnithe ginearálta Abhcóidí Comhairleacha agus ar imeachtaí oiliúna agus bainistíochta eolais san Oifig, lena n-áirítear Comhdháil Bhliantúil na bhFostaithe ar Iasacht, agus bhí teacht acu ar sheirbhís Leabharlainne agus Feasa Gnó OAA de réir mar ba ghá. Chomh maith le comhoibriú le hAbhcóidí Comhairleacha laistigh den Oifig (agus OPAS de réir mar ba chuí) maidir le seirbhísí comhairleacha dlí a chur ar fáil do Ranna agus gníomhaireachtaí cliaint, chuir Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht comhairle ar fáil freisin i ndáil le líon ceisteanna suntasacha, lena n-áirítear:

- Bhí Abhcóidí Comhairleacha Ar Iasacht den Aonad Dlí sa Roinn Dlí agus Cirt ar fáil chun comhairle dlí leanúnach a chur ar fáil, in éineacht leis an Oifig OAA, don scéim aonuaire in aon ghlúin amháin chun imircigh gan doiciméid sa Stát a thabhairt chun rialtachta.
- Chuir Aonad Dlí na Roinne Airgeadais comhairle ar fáil maidir leis an mBille um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola agus Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil) 2021. Tá an reachtaíocht beartaithe chun feabhas a chur ar an leibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaineann le pleananna conartha pearsanta agus comhaontuithe fruilcheannaigh a chur ar fáil do thomhaltóirí agus déantar foráil do theorann ar an ráta úis a d'fhéadfadh institiúidí creidmheasa gearradh ar thomhaltóirí faoi chomhaontuithe creidmheasa agus comhaontuithe fruilcheannaigh.
- Ghlac an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe páirt in dhá chaint arna eagrú ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais agus a tugadh do pháirtithe leasmhara (an chéad cheann do Ranna Rialtais agus an dara ceann don LGMA agus dá chomhaltaí) maidir leis an Acht nua um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2019 a ndearna an Roinn urraíocht air.
- Chuir Aonad Dlí na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán comhairle ar fáil maidir le (i) tosaíochtaí reachtaíochta barrthábhachtacha don Roinn amhail an Bille um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021; agus (ii) saincheisteanna dlí a d'éirigh don Roinn mar thoradh ar Bhreatimeacht agus an phaindéim Covid-19.
- Sa Roinn Sláinte, bhí ról lárnach ag Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht i bhfreagra an Rialtais ar an bpaindéim Covid-19, ag cur leis an Oifig agus OPAS agus ag comhoibriú leo chun comhairle dlí inmheánach a chur ar fáil maidir le bearta reachtaíochta iomadúla agus comhaid dlíthíochta ghaolmhara.

- D’oibrigh an tAonad Dlí sa Roinn Coimirce Sóisialaí i ndlúthchomhar leis an Oifig chun teacht ar chomhréiteach cairdiúil agus inbhuanaithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le húsáid leanúnach a bhaint as an gCárta Seirbhísí Poiblí. I gcomhar leis an Oifig, d’oibrigh Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht chun saincheisteanna líonmhara, casta agus córasacha dlí cosanta sonraí an AE agus intíre a bhaineann leis an gCárta Seirbhísí Poiblí a chúngú, i ndáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí féin agus i ndáil le Comhlachtaí Poiblí gaolmhara araon.
- Chuir an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige comhairle dlí fhairsing agus cúnamh ar fáil i ndáil le ceisteanna a bhain leis an gCoimisiún Imscrúdúcháin i dtaobh Árais Máithreacha agus Naíonán agus nithe áirithe gaolmhara.
- Sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, d’oibrigh abhcóidí comhairleacha ar iasacht i ndlúthchomhar leis an Oifig chun an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 a achtú. Tá an tAcht féin ina phíosa suntasach reachtaíochta maidir le spriocanna reachtúla a chur ar fáil i leith astaíochtaí aeráide, lena dtugtar isteach córas buiséadaithe carbóin nua agus uasteorainneacha earnála i leith astaíochtaí, in éineacht le creat rialachais.
- Chuir an tAonad Dlí sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta comhairle ar fáil maidir le saincheisteanna dlí líonmhara lena n-áirítear comhairle a chur ar fáil maidir leis an bhfeidhm Oidhreachta a aistriú chuig an Roinn, an tAthbhreithniú ar reachtaíocht phleanála, an Scéim um Bloic Choincréite Lochtacha agus Cás C-261/18 - Coimisiún v. Éire (feirm ghaoithe Dharaidh Braoin).

## Cumarsáid agus Comhoibriú ar fud na hOifige a Láidriú

Cé go raibh dúshláin fós i gceist le linn 2021 mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19, lean an Oifig d'fheidhmiú sa réimse fíorúil trí threalamh TFC agus tacaíocht a chur ar fáil d'fhonn feidhmiú na hOifige a choimeád ag imeacht. Leanadh de chruinnithe comhordaithe agus tionóladh iad ar líne ar fud ardáin éagsúla.

D'fhan cruinnithe agus imeachtaí maidir le Saincheisteanna Dlí na hOifige (lena n-áirítear comhdháil bhliantúil na nAbhcóidí Comhairleacha ar Iasacht) ar líne in 2021, ar trí sin a cuireadh le comhroinnt faisnéise agus comhoibriú foriomlán ar leibhéal gairmiúil agus idirphearsanta araon. Rinneadh iarracht ar leith lena chinntiú go mbeadh comhoibriú leanúnach ag leibhéal ard i gcónaí.

D'oibrigh baill foirne Leabharlainne agus Feasa Gnó agus taighdeoirí dlí san Oifig i ndlúthchomhar le grúpaí Abhcóidí Comhairleacha chun a gcumas comhairle dlí a chur ar fáil a uasmhéadú agus na forbairtí agus údaráis is déanaí á gcur san áireamh. Bhí baill foirne Leabharlainne agus Feasa Gnó an-ghníomhach i dtionscnaimh oiliúna agus forbartha agus feasa gnó na hOifige. Chomh maith leis sin, scaip siad go rialta breithiúnais a tugadh le gairid, chnuasaigh siad blaganna dlí ardchaighdeáin agus rinne siad athbhreithniú i gcónaí ar an gcatalóg téacsanna atá ar fáil sa leabharlann.

Mar gheall ar nádúr leanúnach na paindéime Covid-19 agus an chianobair a bhí i gceist dá barr, lean an fhoireann Foghlama & Forbartha OPAS d'úsáid a bhaint as imeachtaí oiliúna ó chian, d'fhonn leanúint d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach, oiliúint agus tionscnaimh folláine a chur ar fáil. Lean OPAS de chláir foghlama fhíorúla a reáchtáil lena chinntiú go mbainfí amach uaireanta dlí FGL.

# Sprioc Straitéiseach 3: Acmhainn a Fhorbairt

## Oifig dlí a bheith ionainn atá comhaimseartha, lúfar agus fuinniúil agus acmhainn inbhuanaithe a fhorbairt ar mhaithe lenár gcliaint agus ár ndaoine

Tuairisciú ar Sprioc Straitéiseach 3 de chuid an Ráitis Straitéise

### Réitigh TFC a chur ar fáil chun tacú lenár ndaoine an leibhéal seirbhíse a theastaíonn ó chliaint a chur ar fáil

In 2021, lean na hAonaid TFC de chumas cianoibre na hOifige a dhaingniú agus tacú leis lena chinntiú go raibh rochtain iomlán ar na feidhmchláir ar fáil do na baill foirne trí scála, mianach, feidhmíocht agus iontaofacht na gcóras tacaíochta a fheabhsú nuair ba ghá. Tacaíodh le húsáid éifeachtach a bhaint as ríomhchomhdhálú ar ghairis ó chian agus san Oifig fhisiciúil ionas go mbeifí in ann cruinnithe fíorúla a thionól le linn 2021.

Chomh maith leis sin, cuireadh uasghrádú mór bogearraí i bhfeidhm sa chóras bainistithe cásanna dlí in 2021 chun feidhmíocht agus leibhéil tacaíochta leanúnacha a chinntiú don chóras. Chomh maith leis sin, díríodh ar chibearshlándáil i rith na bliana inar cuireadh líon tionscadal i gcrích maidir le córais, rialachas agus oiliúint. Chomh maith leis sin, mhéadaigh TFC go mór cáilíocht an bhonneagair a úsáidtear chun éascaíocht a dhéanamh ar shuíonna cúirte ó chian, go háirithe maidir leis na caighdeáin arda arna leagan síos ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

## Baill foirne den scoth a fhostú agus a choinneáil

Tá obair na nAonad AD san Oifig ailínithe le Téama 3 de Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030, *Fórsa oibre, áit oibre agus eagraíocht Státseirbhíse na todhchaí a Thógáil*. Lean an Oifig i mbun a feidhmeanna AD a fhorbairt in 2021, trí shaineolas gairmiúil agus eolas speisialaithe na mball foirne laistigh de na hAonaid a fhorbairt. Trí sin, cuireadh ar chumas na nAonad AD tacú le fostaithe agus iad a fhorbairt agus fórsa oibre solúbtha agus gníomhach a fhorbairt agus a chothú.

In 2021 freisin, rinne an Oifig athbhreithniú ar a riachtanais inniúlachta agus scileanna. I bhfianaise an méid sin agus mar aitheantas ar an méadú ar an méid oibre ar thug an Oifig fúithi, chuaigh na hAonaid AD i mbun plé leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, d'fhonn an líon ball foirne san Oifig a mhéadú. Le linn 2021, chuaigh an Oifig i mbun plé le RCPA maidir le hacmhainní leordhóthanacha a fháil chun cur ar chumas na hOifige a misean a chomhlíonadh. Bhí an rannpháirtíocht seo ina cúis le méadú suntasach sna leithdháiltí meastachán le go mbeifí in ann baill foirne breise a fhostú.

Chomh maith leis sin, d'oibrigh Aonad AD OAA leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le feachtais earcaíochta d'Abhcóidí Comhairleacha III agus Dréachtóirí Parlaiminte Cúnta II a bhainistiú. I gcomhar leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, reáchtáladh comórtas do Thaighdeoirí Dlí freisin.

## Cultúr na hOifige i leith rialachas agus bainistíocht riosca a fheabhsú

Le linn 2021, lean Coistí um Bainistiú Riosca agus um Iniúchóireacht na hOifige de chruinnithe a reáchtáil agus a gcuid oibre a chur chun cinn. Tháinig siad le chéile 11 uair agus 4 huaire faoi seach sa bhliain 2021. Rinneadh na cláir riosca a athbhreithniú in éineacht leis na bainisteoirí ábhartha ar fad agus rinneadh iad a nuashonrú ar bhonn leathbhliantúil le linn 2021. Le linn 2021, d'oibrigh Coiste Bainistithe Riosca OAA/OPAS le baill foirne chun feasacht a ardú maidir le riosca agus socraíodh clár

oiliúna, a ndearna saineolaí seachtrach éascaíocht air, agus cuireadh ar fáil do bhaill foirne ar fad na hOifige é. Chomh maith leis sin, chuir iniúchóirí inmheánacha na hOifige (a seachfhoinsíodh do ghnólacht seachtrach) clár iniúchóireachtaí inmheánacha i gcrích. I ndiaidh próiseas tairisceana iomaíoch, ceapadh gnólacht nua ag deireadh na bliana 2021 chun an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a chur i gcrích ón mbliain 2022. Chomh maith leis sin, rinneadh athbhreithniú ar Chreataí Rialachais Chorparáidigh na hOifige le linn 2021.

## Éifeachtúlacht maidir lenár seirbhísí a chur ar fáil a fheabhsú

### Sainseirbhís chomhairleach na nAbhcóidí Comhairleacha agus seirbhís dréachtaithe na nDréachtóirí Parlaiminte a athbhreithniú agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach

Rinneadh réimsí ábhair agus ballraíocht sna cúig ghrúpa Abhcóidí Comhairleacha agus sna ceithre ghrúpa Dréachtóirí Parlaiminte a athbhreithniú go tráthrialta, ag féachaint do raon an tsaineolais, do luaineachtaí na hoibre agus d'fhorbairt scileanna agus taithí na ndlíodóirí. Bhí cinn na ngrúpaí sin i dteagmháil go tráthrialta le chéile ag a gcruinnithe seachtainiúla agus de réir mar a bhí riachtanach i ndáil le tionscadail a raibh gá le hionchur speisialtóireachta ina leith ó roinnt grúpaí éagsúla.

Chomh maith le leanúint de chomhairle a chur ar fáil maidir le comhaid chomhairleacha, tugadh comhairle dlí freisin i ndáil le comhaid a bhain le reachtaíocht, dlíthíocht agus idirbhearta ar leith. Rinne Abhcóidí Comhairleacha a gcuid saineolais ar réimsí ábhartha dlí a nuashonrú trí thaighde a dhéanamh, trí mheantóireacht agus trí ionduchtú, trí fhreastal ar chúrsaí agus ar chomhdhálacha, (lena n-áirítear ó chian), trí oiliúint agus forbairt inmheánach agus fíorúil agus trí chruinnithe dlíthiúla inmheánacha tráthrialta fíorúla ar lena linn a chuir Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte saincheisteanna dlí reatha i láthair. Ba phríomhghnéithe den obair iad, i dtaca le hAbhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí

Parlaiminte a choinneáil cothrom le dáta, scaipeadh grúpthuarascálacha seachtainiúla ar na dlíodóirí uile in OAA agus an bhéim ar chomhairle dlí a chur leis an gcóras Feasa Gnó. Feabhsaíodh saineolas trí oiliúint ar úsáid uirlisí taighde ar an gcóras bainistíochta cás agus taifead, ar an mbunachar sonraí Feasa Gnó agus ar bhunachair sonraí dlí eile de chineál tráchtála.

**Próisis agus Córais**

Lean an Oifig de choinneáil cothrom le dáta le forbairtí i ngnólachtaí príobháideacha dlí agus, go háirithe, leanadh de choinneáil cothrom le dáta leis na córais tacaíochta a úsáidtear chun seirbhísí ardchaighdeáin dlí a sholáthar do chliaint. Áiríonn sé sin coimeád ar an eolas faoi dul chun cinn i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide i dtimpeallacht oifige dlí agus páirt a ghlacadh i Líonra Bainistíochta Eolais agus féachaint leis an dea-chleachtas reatha a chur i bhfeidhm san Oifig.

Mar gheall ar an bpaindéim leanúnach, tarraingíodh aird ghéar ar sholáthar seirbhísí. Cé gur cinneadh an príomhsholáthar seirbhísí dlí trí rialacha agus cleachtais cúirte, rinne an Oifig athbhreithniú ar a nósanna imeachta inmheánacha maidir le táillí abhcóidí a phróiseáil. Athbhreithníodh an córas ionas go bhféadfadh abhcóidí nótaí táille a chur isteach go leictreonach agus ionas gur féidir próiseáil inmheánach an nóta táille a dhéanamh go leictreonach, tríd is tríd. Tagann sé seo in ionad próiseas láimhe roimhe seo a bhí anásta.

**Clárlann OAA**

Lean an tAonad Clárlainne de dhul in oiriúint do na dúshláin a bhain le Covid-19 agus forbraíodh cleachtais agus pátrúin oibre trína rabhthas in ann an tseirbhís a sholáthraíonn Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte a chur ar fáil i gcónaí.

Rinne an tAonad TF feabhsuithe próisis agus feidhmíochta a chur ar an gCóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead leictreonach le hionchur suntasach ón Aonad Clárlainne.  In ainneoin srianta leanúnacha a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar Covid-19, chinntigh an tAonad Clárlainne gur comhlíonadh oibleagáidí i ndáil leis an gCartlann Náisiúnta, lena n-áirítear ábhar maidir leis an gComhaontú Angla-Éireannach a aistriú.

**OPAS – Cianéisteachtaí**

Le linn 2021, reáchtáladh éisteachtaí fisiciúla an athuair sna Cúirteanna i dtaca le roinnt cásanna. Lean OPAS de fhreastal ar chianéisteacht nuair ba chuí. In 2021, cuireadh grúpa nua le chéile chun iniúchadh agus forbairt a dhéanamh ar nósanna imeachta Ríomh-Dhlíthíochta go hinmheánach.

Chuir Oibríochtaí AD tús le Clár Píolótach den Tionscnamh Taifeadta Ama in 2021 d’fhonn é a leathadh amach tuilleadh in 2022.

# Sprioc Straitéiseach 4: Tacaíocht a thabhairt dár ndaoine

## Tacaíocht a thabhairt dár ndaoine ionas gur féidir leo feidhmiú de réir bharr a gcumas agus comhoibriú go héifeachtach chun seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcliaint

Tuairisciú ar Sprioc Straitéiseach 4 de chuid an Ráitis Straitéise

### Cultúr maidir le meas, dínit, comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn san ionad oibre

Faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, tá oibleagáid reachtúil ar Oifig an Ard-Aighne (amhail gach comhlacht poiblí) aird a bheith aici ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna agus cóireála na mball foirne agus daoine dá gcuireann sí seirbhísí ar fáil a chur chun cinn agus cearta daonna na mball foirne agus daoine dá gcuireann sí seirbhísí ar fáil a chosaint.  Tá Ráiteas Straitéise na hOifige ina léiriú ar a tiomantas do bheith ina háit oibre atá ionchuimsitheach, éagsúil agus ina léirítear meas ar chearta daonna agus comhionannas na bhfostaithe ar fad. Cé go bhfuil an Oifig ina fostóir comhdheiseanna, tá an Oifig eolach go bhféadfadh sé bheith deacair do roinnt daoine iad féin a bhunú ar chonairí gairme i ngairm an dlí.

Chun na críche sin, in 2021, d’athbhreithnigh OAA a polasaí maidir le socrúcháin do mhic léinn chun bealaí a leagan síos ina bhféadfadh cláir intéirneachta níos ionchuimsithí a bheith aici. Léirigh an Oifig spéis chun páirt a ghlacadh sa Chlár Meantóireachta *Willing Able* agus táthar ag súil go nglacfar léi lena cur san áireamh sa chlár seo in 2022.

Chomh maith leis sin, in 2021, thacaigh an Oifig le taighde a bhí á dhéanamh ag an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí arna iarraidh sin ag an Aire Dlí agus Cirt. Mar chuid den taighde seo, táthar ag breithniú na bacainní eacnamaíocha agus bacainní eile atá roimh abhcóidí agus aturnaetha óga agus tá sé mar chuid de phlean an Aire Dlí agus Cirt éagsúlacht a mhéadú ar fud na hearnála ceartais.

Tá Oifigigh Idirchaidrimh réamhghníomhacha do Dhaoine faoi Mhíchumas san Oifig a oibríonn chun cuidiú le feasacht a ardú agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le míchumas. Chomh maith leis sin, cuireadh cláir oiliúna agus feasachta maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú ar fáil do bhaill foirne na hOifige.

Lean an Fhoireann F&F d'fhorbairt a dhéanamh ar chultúr maidir le hIonchuimsiú agus Éagsúlacht ar fud na hOifige trí shraith tionscnamh ardaithe feasachta agus oiliúna. Cuireadh oiliúint ar fáil maidir le Dínit san Ionad Oibre do na comhghleacaithe ar fad i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha agus eagraíodh oiliúint freisin do Dhaoine Ainmnithe de réir mar a rinneadh socrú dó sa Pholasaí um Dhínit san Ionad Oibre.

Tá an Oifig dúthrachtach faoi athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a polasaithe AD agus pleananna gnó d'fhonn comhlíonadh oibleagáidí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015 agus an tAcht um Míchumas 2005 a chinntiú. In 2021, bhunaigh OPAS Lárionad Saineolais ("LS") maidir le Tallann a Fháil, Pleanáil Straitéiseach i leith Fórsa Oibre, Bainistiú Tallainne agus foireann Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú ("CEI") chun na gealltanais láidre a tugadh i leith na luachanna seo i Ráiteas Straitéise na hOifige a chur chun cinn. D'fhorbair an fhoireann plean trí bliana chun CEI a chur chun cinn in OPAS. Rinne

foireann CEI socrú d'oibrithe deonacha chun dul i dteagmháil le leanaí bunscoile áitiúla faoin gclár "Time to Read". Chomh maith leis sin, d'oibrigh coiste CEI leis an gclár Idirbhliana chun níos mó daltaí ó scoileanna DEIS a bhí ag glacadh páirt i gclár bliantúil na hIdirbhliana OPAS a chur san áireamh.

**Scéim na Gaeilge**

I dtús na bliana 2020, d'fhoilsigh an Oifig Scéim Ghaeilge nua (a chlúdaíonn an tréimhse 2020-23) i gcomhréir le riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Aistríodh líon foilseacháin chorparáideacha go Gaeilge le linn 2021 lena bhfoilsiú go comhuaineach ar láithreán gréasáin na hOifige agus fuarthas líon beag ceisteanna i nGaeilge san Oifig ar dhéileáil an Oifig leo.

## Barr feabhais a chur chun cinn trí cheannaireacht, bainistíocht agus forbairt feidhmíochta

Lean an Oifig d'úsáid a bhaint as Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta na Státseirbhíse chun tacú leis na spriocanna a leagtar amach ina Ráiteas Straitéise a bhaint amach. Úsáideadh an próiseas freisin chun feidhmíocht a bhainistiú agus tacú le riachtanais foghlama agus forbartha agus iad a aithint. Cuireadh oiliúint ar fáil chun tacú leis an gcóras PMDS a chur i bhfeidhm.

Tá an Oifig dúthrachtach faoina cumas ceannaireachta a fhorbairt. In 2021, ghlac baill foirne páirt sna Cláir um Príomh-Oifigigh agus um Bainistiú Tallainne Sinsearaí na Seirbhíse Poiblí arna reáchtáil ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus cuireadh ainmniúcháin isteach chuig na cláir um Shaineolaithe Náisiúnta in Oiliúint Ghairmiúil (SNOG). Chomh maith leis sin, seoladh clár píolótach meantóireachta san Oifig i bhfómhar na bliana 2021.

Mar eagraíocht eolasbhunaithe, tugtar tosaíocht an-ard d'oiliúint agus forbairt leanúnach na mball foirne, de chineál dlíthiúil agus neamhdhlíthiúil araon, agus

eagraíodh réimse oiliúna i ndáil le topaicí dlíthiúla agus neamhdhlíthiúla i gcaitheamh na bliana. Leanadh de sholáthar oiliúna ó chian ina mbaintear úsáid as ardáin físchomhála, ar trí sin a rinneadh socrú do rannpháirtíocht níos mó i dtionscnaimh oiliúna i rith na paindéime, a chur ar fáil ar fud na hOifige.

Trí Shoghluaisteacht na Státseirbhíse, cuirtear deis ar fáil do bhaill foirne buana na Státseirbhíse iarratas a dhéanamh ar shoghluaisteacht trí chóras oscailte agus trédhearcach. Le straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030, tugtar gealltanas chun polasaí soghluaisteachta comhleanúnach a mhéadú tuilleadh chun éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt na foirne. In 2021, ghlac an Oifig páirt sa pholasaí seo ina gcuirtear deis ar fáil d'fhostaithe forbairt a dhéanamh ar scileanna nua agus a dtaithí a fhorbairt.

## Tacú lenár ndaoine trí chórais bainistithe eolais feabhsaithe

Lean Seirbhís Leabharlainne & Taighde OAA de sheirbhís chumaiscthe a chur ar fáil in 2021 agus dá bailiúchán ríomhleabhar a mhéadú chun éascaíocht a dhéanamh ar bhaill foirne a bhí ag obair ó chian.

I gcomhar lena gcomhghleacaithe in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte, d'ullmhaigh taighdeoirí dlí athbhreithnithe leanúnacha de Rialacháin Sláinte Covid-19 a foilsíodh ansin ar gov.ie. Lean blag dlí OAA de bheith ina uirlis bainistithe eolais dlí do OAA, trí phostálacha ó bhaill foirne OAA (lena n-áirítear Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht) maidir le réimse leathan topaicí dlí le tacaíocht ó Choiste Blag Dlí OAA.

Lean OAA de ghabháil, comhroinnt agus inrochtaineacht feasa gnó dlí a fheabhsú tríd an mbunachar sonraí feasa gnó dlí inmheánach a fhorbairt agus a chur chun cinn ar bhonn leanúnach. Lean fóraim chomhroinnte eolais dlí inmheánach

(Saincheisteanna dlí, saincheisteanna dlí AE & an Grúpa Soláthair Oiliúna) d'fhoghlaim agus oiliúint dlí leanúnach a chur ar fáil ar líne.

Ceapadh bainisteoir eolais dlí chuig OPAS i mí an Mheithimh 2021, chun ceannaireacht a thabhairt i leith straitéis bainistithe eolais na hOifige a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Oibríonn an Bainisteoir Eolais Dlí i gcomhar leis an mBainisteoir Faisnéise agus Taighdeoirí Dlí sa tSeirbhís Eolais & Faisnéise. Déanann an fhoireann seo bainistiú ar fhaisnéis dlí inmheánach agus sheachtrach OPAS, lena n-áirítear a seirbhís leabharlainne, acmhainní faisnéise agus inlíon. In 2021, cuireadh leis an "Feasachán Dlí" agus rinneadh é a chomhdhlúthú ina fhoilseachán seachtainiúil, a dáileadh ar na baill foirne dlí ar fad. Lean an tsraith Lón & Foghlaim d'fheidhmiú go rathúil ar líne. I mí na Nollag, tugadh plean straitéiseach OPAS i leith bainistiú eolais 2021 – 2024 chun críche.

Le linn 2021, thacaigh an Coiste Eolais, Foghlama agus Forbartha le deiseanna maidir le bainistiú eolais, oiliúint agus forbairt ghairme a chur ar fáil ar fud na hOifige. I measc na n-éachtaí ar leith a baineadh amach, seoladh Straitéis nua um Fhoghlaim agus Forbairt Dlí do OPAS 2021-2023. Tríd an Straitéis seo, cuirtear soiléiriú ar fáil ar na róil agus freagrachtaí ar fud na hOifige sa réimse straitéiseach tábhachtach seo. Sa Straitéis seo, tugtar tús áite do sholáthar FGL inmheánach níos mó in éineacht le méadú in uasoiliúint speisialtóra trí bhíthin cúrsaí iarchéime seachtracha. Chomh maith leis sin, d'eagraigh an Coiste EF&F suirbhé maidir le hoiliúint oibríochtúil chun cuidiú le daoine a chumasú úsáid cheart a bhaint as uirlisí teicneolaíochta agus a n-éifeachtúlacht agus éifeachtacht a mhéadú agus iad ag obair sa bhaile. Chomh maith leis sin, seoladh an chéad Scéim Oscailte d'Aturnaetha is Oiliúnaithe ar trí sin den chéad uair a d'fhéadfadh iarrthóirí seachtracha tabhairt faoina gcúrsa oiliúna in OPAS agus chuir an chéad dá oiliúnaí tús lena gcúrsa PPC1 i bPlás Blackhall i mí Mheán Fómhair 2021.

Chomh maith leis sin, chuir Oibríochtaí AD Cruinnithe Ciorcail um Chomhroinnt Eolais i bhfeidhm do Bhainisteoirí Líne a ndearna an fhoireann CSEAS éascaíocht air.

## Cothromaíocht mhaith oibre is saoil a chur chun cinn

Tá an Oifig dúthrachtach faoi thimpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chur ar fáil do gach státseirbhíseach agus faoi chinnte a dhéanamh de go gcosnaítear a sábháilteacht, sláinte, leas agus folláine ag an obair, chomh fada agus is indéanta le réasún. Tá sé seo ag teacht leis na hoibleagáidí atá orainn mar fhostóir faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Chun tacú leis an ngealltanas seo, reáchtáil an Oifig líon clár maidir le sláinte agus folláine in 2021, lena n-áirítear vacsaíní fliú a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, chuir an Oifig tacaíochtaí sláinte agus folláine ríomhfhoghlama (lena n-áirítear tacaíochtaí ar éileamh) chun cinn a d’fhorbair OneLearning, i gcomhairle le rannán AD na Státseirbhíse agus CSEAS.

### Rannpháirtíocht Foirne

I gcomhréir le gealltanas OPAS i leith Rannpháirtíocht Foirne, cuireadh Suirbhé um Rannpháirtíocht Foirne OPAS 2021 i gcrích le linn na bliana 2021 mar bheart leantach do Shuirbhé um Rannpháirtíocht Foirne na Státseirbhíse (SRFS), agus do shuirbhéanna um Rannpháirtíocht Foirne a chuir OPAS i gcrích roimhe seo in 2018 agus 2019. Agus forbairt á déanamh ar an obair a rinneadh i mblianta roimhe seo, clúdaíodh i gcónaí i Suirbhé na bliana 2021 téamaí amhail luachanna, neamhspleáchas, obair foirne, cumarsáid, nuálaíocht, meaitseáil scileanna, bainistíocht agus ceannaireacht. Chomh maith leis sin, cuireadh téamaí nua san áireamh i suirbhé na bliana 2021 maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú, taithí agus ceachtanna ó bheith ag obair le linn na paindéime, pátrúin oibre amach anseo, folláine, soghluaisteacht agus tacaíochtaí TFC. Tacaíonn

Comhaltaí na Foirne, ag déanamh forbairt ar an taithí agus aiseolas ó na suirbhéanna rannpháirtíochta, leis na tionscnaimh forbartha éagsúla ar fud OPAS.

**Nuálaíocht**

Le linn 2021, rinne Foireann Nuálaíochta OPAS éascaíocht ar chóras "Buddy" faoin gclár um oiliúint ionduchtaithe d'iontrálaithe nua agus lorgaíodh daoine deonacha chun gníomhú mar chomrádaithe d'iontrálaithe nua agus tugadh roinnt moltaí do Bhord Bainistíochta OPAS i leith tionscnaimh nua i réimsí amhail folláine, soláthar glas agus forbairt ghairme agus earcaíocht.

Tá ionadaithe ag OPAS ar líon coistí gairmiúla le Dlí-Chumann na hÉireann agus is ar an mbealach seo a chuireann OPAS le tacaíocht a thabhairt don ghairm i gcoitinne. Chomh maith leis sin, tríd an ionadaíocht seo, tacáítear le hacmhainn saineolais agus líonraithe ár mball foirne gairmiúil agus forbraítear í. D'oibrigh an Coiste um Chaighdeáin leis na Rannáin chun aghaidh a thabhairt ar an tsraith treoraíochta ghairmiúil reatha chun an raon tacaíochtaí a nuashonrú agus a leathnú.

I gcaitheamh na bliana 2021, lean OPAS de dhlúth-theagmháil a choinneáil leis an tSeirbhís Chúirteanna chun tacú le OPAS a seirbhísí dlíthíochta a chur ar fáil i dtimpeallacht shábháilte agus chun tacaíocht a lorg ón tSeirbhís Chúirteanna i ndáil le haistriú OPAS chuig ardán ríomhdhlíthíochta chomh fada agus is féidir sin a bhaint amach ag féachaint do riachtanais na mBreithiúna agus do chomhoibriú le habhcóidí.

Spreag an Oifig rannpháirtíocht na mball foirne sa chlár SNOG agus d'oibrigh roinnt oifigeach dlí sa Bhruiséil, ar trí sin a láidrítear na naisc lenár gcomhghleacaithe san Eoraip.

Chomh maith leis sin, tacaíonn an Oifig leis an tionscnamh *Ireland for Law* trí láithreacht chomhalta an Bhoird Bainistíochta ag glacadh páirt in *Ireland for Law* i dtreo dheireadh na bliana 2021.

## Cleachtais oibre atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn

**Bainistiú Saoráidí**

Cé is moite den ról rialta atá acu i ndáil le cothabháil a dhéanamh ar an bhfoirgneamh agus na saoráidí atá laistigh den fhoirgneamh, bhí na hAonaid Seirbhísí chun cinn, in éineacht le feidhmeanna na hOifige um Shláinte agus Shábháilteacht, lena chinntiú go mbeadh an Oifig ina háit shábháilte i gcónaí do bhaill foirne le linn na bliana, ag dul i gcomhairle le comhghleacaithe in OOP agus conraitheoirí. Chomh maith leis sin, tugadh faoi líon tionscadal cothabhála agus uasghrádaithe foirgnimh in OAA.

Mar aon lena gcuid oibre laistigh d'áitreabh na hOifige, lean Aonaid Seirbhísí de thacaíochtaí a chur ar fáil do bhaill foirne a bhí ag obair ó chian.

**Éifeachtúlacht Fuinnimh**

Chomh maith leis sin, leann Aonad Seirbhísí OAA de chlár éifeachtúlachta fuinnimh na hOifige a chur chun cinn agus úsáid fuinnimh a thuairisciú do ÚFIÉ mar chuid den tionscnamh atá ag gach comhlacht Earnála Poiblí úsáid fuinnimh a laghdú. Lean an tAonad Seirbhísí de dhul i gcomhairle lena chomhairleoir fuinnimh sannta chun bealaí a aithint le tomhaltas fuinnimh a laghdú agus aonaid LED a chur in ionad soilse ar bhonn céimnithe. In 2021, d'úsáid OAA:

- 327 MWh leictreachas
- 308 MWh comhlán de bhreoslaí gáis nádúrtha
- 35 tonna breoslaí in-athnuaite (sliseanna adhmaid)

In 2021, d'úsáid OPAS:

- 416 MWh leictreachas
- 569 MWh gás

Maidir le cleachtais oibre atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn laistigh de OPAS, athraíodh tosaíochtaí Seirbhísí Oifige mar thoradh ar an bpaindéim i gcás inarbh éigean acmhainní a aistriú chun timpeallacht oibre shábháilte a chur ar fáil do bhaill foirne san Oifig agus sa bhaile araon.

Agus baill foirne ag obair sa bhaile i gcónaí, tá laghdú tagtha ar an úsáid a bhaintear as páipéar agus taisteal, a bhí tairbheach don chomhshaol. Chomh maith leis sin, in 2021 laghdaigh OPAS an méid páipéir a bhí á úsáid i ndlíthíocht agus i seirbhísí dlí eile trí dhul in oiriúint do nósanna imeachta ríomhdhlíthíochta a bhfuil údarás cúirte acu. Dá bharr sin, cuireadh níos mó ríomh-mhionteagaisc faoi bhráid na gcúirteanna agus faoi bhráid páirtithe freasúracha le linn cásanna. Laghdaíodh an úsáid a baineadh as páipéar agus priontáil trí soláthar fíorúil ar líne leanúnach le haghaidh imeachtaí foghlama agus forbartha.

## Cumarsáid inmheánach a bharrfheabhsú

Mar gheall ar an bpaindéim Covid-19 agus an chianobair a bhí i gceist dá barr, lean an Oifig ar aghaidh le bealaí nua oibre lena n-áirítear cruinnithe ó chian agus imeachtaí oiliúna ó chian d'fhonn tionscnaimh i ndáil le forbairt ghairmiúil leanúnach, oiliúint agus folláine a chur ar fáil i gcónaí. Cé go n-aithníonn an Oifig an luach a bhaineann le teicneolaíochtaí fíorúla chun tacú le rannpháirtíocht ó chian, tá roinnt uaireanta i gceist ina bhfuil freastal ar an láthair ag teastáil d'fhonn rannpháirtíocht bharrmhaith a chinntiú agus glacadh leis an modh seo le linn na bliana nuair ba ghá.

# Cuid 3

# Iarscríbhinní

## Iarscríbhinn A

## Billí Rialtais a foilsíodh sa bhliain 2021

### Billí Poiblí Ginearálta

- An Bille um Thithíocht Inacmhainne 2021
- An Bille um Sláinte agus Leas Ainmhithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021
- An Bille Leithreasa 2021
- An Bille fán mBinse um CervicalCheck (Leasú) 2021
- An Bille fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Leasú) 2021
- An Bille um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021
- An Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021
- Bille na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) 2021
- Bille na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí) 2021
- An Bille um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola agus Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil) 2021
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Leasú) 2021
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Phianbhreitheanna Coimeádta) 2021
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Smuigleáil ar Dhaoine) 2021
- An Bille um Nós Imeachta Coiriúil 2021
- An Bille Oideachais (Ardteistiméireacht 2021) (Gráid Chreidiúnaithe) 2021
- An Bille um Shaoire Theaghlaigh agus Forálacha Ilghnéitheacha 2021
- An Bille Airgeadais (Covid-19 agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2021
- An Bille Airgeadais (An Sásra Cobhsaíochta Eorpach agus an Ciste Réitigh Aonair) 2021
- An Bille Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Leasú) 2021
- An Bille Airgeadais 2021
- Bille an Gharda Síochána (Cúiteamh) 2021
- Bille an Gharda Síochána (Feidhmeanna agus Limistéir Oibríochta) 2021
- An Bille Sláinte (Leasú) (Uimh. 2) 2021
- An Bille Sláinte (Leasú) (Uimh. 3) 2021
- An Bille Sláinte (Leasú) 2021
- An Bille Sláinte agus Ceartais Choiriúil (Covid-19) (Leasú) (Uimh. 2) 2021
- An Bille Sláinte agus Ceartais Choiriúil (Covid-19) (Leasú) 2021
- An Bille Árachais Sláinte (Leasú) 2021
- An Bille um Choimisiúin Thithe an Oireachtais (Leasú) 2021
- An Bille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2021
- An Bille fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún 2021

- An Bille fá Chomhaontuithe um Scéimeanna Ráthaíochta Iasachta (Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann) 2021
- An Bille um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021
- An Bille um Dhlínse Mhuirí 2021
- An Bille Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) (Leasú) 2021
- An Bille fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais (Leasú) 2021
- An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairtí Cónaithe Mórscála) 2021
- An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 3) 2021
- An Bille um Pleanáil agus Forbairt, Oidhreacht agus Craolachán (Leasú) 2021
- An Bille um Sheirbhísí Slándála Príobháidí (Leasú)
- An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) (Uimh. 2) 2021
- An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Uimh. 2) 2021
- An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe 2021
- An Bille um Thrácht ar Bhóithre agus um Bóithre 2021
- An Bille um Dhíol Ticéad (Imeachtaí Cultúir, Siamsaíochta, Áineasa agus Spóirt) 2021
- An Bille Iascaigh Mhara (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021
- An Bille um Chiontóirí Gnéis (Leasú) 2021
- An Bille Leasa Shóisialaigh 2021
- An Bille um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021

## Iarscríbhinn B

## Billí Rialtais a achtaíodh sa bhliain 2021

### Achtanna Poiblí Ginearálta

- An tAcht um Thithíocht Inacmhainne 2021
- An tAcht Leithreasa 2021
- An tAcht fán mBinse um CervicalCheck (Leasú) 2021
- An tAcht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Leasú) 2021
- An tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021
- An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021
- Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) 2021
- Acht na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí) 2021
- An tAcht um Ghóchumadh 2021
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Leasú) 2021
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú) 2021
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Mionnú Éithigh agus Cionta Gaolmhara) 2021
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Smuigleáil ar Dhaoine) 2021
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) (Leasú) 2021
- An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil 2021
- An tAcht Cosanta (Leasú) 2021
- An tAcht Oideachais (Ardteistiméireacht 2021) (Gráid Chreidiúnaithe) 2021
- An tAcht um Shaoire Theaghlaigh agus Forálacha Ilghnéitheacha 2021
- An tAcht Airgeadais (Covid-19 agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2021
- An tAcht Airgeadais (An Sásra Cobhsaíochta Eorpach agus an Ciste Réitigh Aonair) 2021
- An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Leasú) 2021
- An tAcht Airgeadais 2021
- An tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní 2021
- An tAcht Sláinte (Leasú) (Uimh. 2) 2021
- An tAcht Sláinte (Leasú) 2021
- An tAcht Sláinte (Leasú) (Uimh. 3) 2021
- An tAcht Sláinte agus Ceartais Choiriúil (Covid-19) (Leasú) (Uimh. 2) 2021
- An tAcht Sláinte agus Ceartais Choiriúil (Covid-19) (Leasú) 2021
- An tAcht Árachais Sláinte (Leasú) 2021
- An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2021
- An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2021

- An tAcht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún 2021
- An tAcht fá Chomhaontuithe um Scéimeanna Ráthaíochta Iasachta (Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann) 2021
- An tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021
- An tAcht um Dhlínse Mhuirí 2021
- An tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais (Leasú) 2021
- Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021
- An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú) 2021
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairtí Cónaithe Mórscála) 2021
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2021
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, Oidhreacht agus Craolachán (Leasú) 2021
- An tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí (Leasú) 2021
- An tAcht um Pá Seirbhíse Poiblí 2021
- An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) 2021
- An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe (Uimh. 2) 2021
- An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2021
- An tAcht um Dhíol Ticéad (Imeachtaí Cultúir, Siamsaíochta, Áineasa agus Spóirt) 2021
- An tAcht Leasa Shóisialaigh 2021
- An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021

## Iarscríbhinn C

## Billí Comhaltaí Príobháideacha a achtaíodh sa bhliain 2021

- Acht na Leanaí (Leasú) 2021

## Iarscríbhinn D

# Vóta 3: Oifig an Ard-Aighne

## Toradh Sealadach 2021 agus Meastachán do na blianta 2021 agus 2022

Meastachán agus Toradh Sealadach don bhliain 2021 agus meastachán ar an méid is gá sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 le haghaidh thuarastail agus chaiteachais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas.

| | **An tSeirbhís** | **Soláthar Measta** | **Toradh Sealadach** | **Soláthar Measta** |
|---|---|---|---|---|
| | **Riarachán** | **2021** | **2021** | **2022** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A1 | Tuarastail, Pá agus Liúntais | 12,260 | 11,601 | 14,308 |
| A2 (i) | Taisteal agus Cothú | 210 | 70 | 240 |
| A2 (ii) | Oiliúint & Forbairt, & Costais Theagmhasacha | 640 | 543 | 700 |
| A2 (iii) | Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide | 100 | 116 | 125 |
| A2 (iv) | Trealamh Oifige & Seirbhísí Seachtracha TF | 700 | 839 | 700 |
| A2 (v) | Costais Áitribh Oifige | 160 | 98 | 208 |
| A2 (vi) | Seirbhísí Sainchomhairleoireachta & Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead | 35 | 21 | 35 |
| A2 (vii) | Saineolas Dlí ar Conradh | 710 | 873 | 2,710 |
| | **Fo-iomlán** | **14,815** | **14,161** | **19,026** |
| | **Seirbhísí eile** | | | |
| A3 | Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta | 54 | 53 | 54 |
| A4 | An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (Deontas i gCabhair) | 2,460 | 2,460 | 2,781 |
| A5 | Caiteachais Ghinearálta Dlí | 130 | 33 | 130 |
| A6 | Dlíthe Pleanála a Chomhdhlúthú agus a Athbhreithniú | - | - | 12,000 |
| | **Iomlán Comhlán** | **17,459** | **16,707** | **33,991** |
| | **Le hAsbhaint** | | | |
| B | Leithreasaí i gCabhair | (705) | (556) | (705) |
| | **Iomlán Glan** | **16,754** | **16,151** | **33,286** |

# Vóta 6: Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

## Toradh Sealadach don bhliain 2021 agus Meastachán do na blianta 2021 agus 2022

Meastachán agus Toradh Sealadach don bhliain 2021 agus Meastachán ar an méid is gá sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 le haghaidh thuarastail agus chaiteachais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

| | **An tSeirbhís** | **Soláthar Measta** | **Toradh Sealadach** | **Soláthar Measta** |
|---|---|---|---|---|
| | | **2021** | **2021** | **2022** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| | **Riarachán** | | | |
| A1 | Tuarastail, Pá agus Liúntais | 20,309 | 20,275 | 24,795 |
| A2(ii) | Taisteal agus Cothú | 25 | 26 | 90 |
| A2(iii) | Oiliúint & Forbairt, & Costais Theagmhasacha | 1,006 | 958 | 1,038 |
| A2(iv) | Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide | 350 | 349 | 310 |
| A2(v) | Innealra Oifige agus Soláthairtí Oifige eile agus Seirbhísí Gaolmhara | 1,112 | 1,199 | 1,005 |
| A2(vi) | Costais Áitribh Oifige | 188 | 170 | 250 |
| A2(vii) | Seirbhísí Sainchomhairleoireachta agus Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas | 70 | 50 | 100 |
| | **Fo-iomlán** | **23,060** | **23,027** | **27,588** |
| | **Seirbhísí eile** | | | |
| A3 | Seirbhísí Seachtracha Dlí | 154 | 162 | 220 |
| A4 | Táillí d'Abhcóidí | 17,600 | 17,537 | 21,500 |
| A5 | Costais Ghinearálta Dlí | 681 | 706 | 1,200 |
| | **Iomlán Comhlán** | **41,495** | **41,432** | **50,508** |
| | | | | |
| | **Le hAsbhaint** | | | |
| B | Leithreasaí i gCabhair | 810 | 1,530 | 850 |
| | **Iomlán Glan** | **40,685** | **39,902** | **49,658** |

Iarscríbhinn E

Ráitis agus Tuarascálacha i leith Cleachtais Íocaíochta 2021

## Oifig an Ard-Aighne

### Ginearálta

Chomhlíon íocaíochtaí iomchuí a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála).

### Íocaíochtaí Déanacha

Rinneadh íocaíochtaí iomlána €2,612,979.07 sa bhliain 2021 ó Vóta Oifig an Ard-Aighne i leith íocaíochtaí a bhfuil feidhm ag an reachtaíocht maidir leo.

Bhí ocht gcás maidir le hús um Íoc Pras a tabhaíodh €229.30 i rith na bliana.

### Íocaíochtaí a raibh feidhm ag íocaíochtaí prasa maidir leo ó Eanáir go Nollaig 2021

| | |
|---|---|
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí ar fad | €2,612,979.07 |
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí déanacha ar fad (faoi bhun €320 go huile) | Nialas |
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí déanacha ar fad (os cionn €320) | €53,040.62 |
| Luach na nÍocaíochtaí déanacha mar % de na hÍocaíochtaí ar fad | 2.03% |
| An líon Íocaíochtaí déanacha de bhreis ar €320 | 8 |
| An méid Úis a íocadh | €229.30 |
| An méid Úis mar % de na hÍocaíochtaí ar fad | 0.0087% |
| Meán Léiriú ar Fhad Ama na Moilleanna | 17 lá |

Tá feidhm ag téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú ag Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag an Oifig seo, nó thar a ceann, gan an párolla agus caiteachais áirithe eile de chuid na hOifige a áireamh. Maidir leis an líon beag cásanna ar ina leith nach ndéantar íocaíochtaí laistigh den tréimhse reachtúil, déantar na híocaíochtaí úis cuí.

**Íocaíochtaí a raibh feidhm ag Íocaíochtaí Prasa maidir leo ó Eanáir go Nollaig 2021**

| | |
|---|---|
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí ar fad | €2,626,870.81 |
| Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha ar fad (faoi bhun €320 go huile) | €6,181.53 |
| Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha ar fad (os cionn €320) | €53,324.38 |
| Luach na n-íocaíochtaí déanacha mar % de na híocaíochtaí ar fad | 2.27% |
| An líon íocaíochtaí déanacha de bhreis ar €320 | 36 |
| An méid úis a íocadh | €4,526.42 |
| An méid úis mar % de na híocaíochtaí ar fad | 0.17% |
| Léiriú ginearálta ar fhad ama na moilleanna | 40 lá |

## Iarscríbhinn F

## Miondealú Foirne

| | Fir | Mná | % Fir | % Mná |
|---|---|---|---|---|
| Ard-Rúnaí | 1 | 2 | 33% | 67% |
| Rúnaí Cúnta | 7 | 9 | 44% | 56% |
| PO | 21.4 | 39.1 | 35% | 65% |
| PC | 74 | 127.2 | 37% | 63% |
| AOF (& AFD) | 12.8 | 14.4 | 47% | 53% |
| OR | 1 | 1 | 50% | 50% |
| OF | 14 | 26.1 | 35% | 65% |
| OFo (Feidhmeannach Dlí) | 2.8 | 2.8 | 50% | 50% |
| OC | 29 | 59.4 | 33% | 67% |
| Oifigeach Seirbhísí | 4 | 0 | 100% | 0% |

Iarscríbhinn G

Staitisticí Saorála Faisnéise 2021

| **Iarrataí** | |
|---|---|
| Iarrataí a Fuarthas | 43 |
| Iarrataí a Deonaíodh | 2 |
| Iarrataí a Deonaíodh i bPáirt | 4 |
| Iarrataí ar Diúltaíodh dóibh | 31 |
| Iarrataí nach raibh socraithe ag deireadh na bliana | 6 |
| | |
| Athbhreithnithe Inmheánacha | 7 |
| Táillí a Fuarthas | €150 |
| | |
| **An Cineál Iarrthóra** | |
| Iriseoir | 12 |
| Oireachtas | 0 |
| Ball Foirne | 0 |
| Eile | 31 |
| | |
| Ailt (ceann amháin nó níos mó) den Acht a rabhthas ag brath orthu i leith iarrataí a deonaíodh i bpáirt nó iarrataí ar diúltaíodh dóibh | 15(1)(a), 32, 33, 37, 42(f) |